

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2014



Íomhá an chlúdaigh tosaigh

Buaiteoir Chomórtas Íomhá na Bliana 2014 de chuid SFI.



Bhuaigh an íomhá seo, dar teideal ‘Starship Enterprise,’ a ghlac an Dr Anthony Maher, Íomhá Thaighde na Bliana de chuid SFI ag Cruinniú Mullaigh Eolaíochta SFI i mBaile Átha Luain. Tá an Dr Anthony Maher ina Fheidhmeannach Cógaisíochta ag an Lárionad Cógaisíochta Sintéise agus Soladstaide (SSPC) in Ollscoil Luimnigh, áit a mbíodh sé ina thaighdeoir tráth. Tá an Dr Maher ina bhall d’fhoireann Chiarraí a bhuaigh Cluiche Ceannais Sinsearach na hÉireann sa Pheil in 2014.

Cur Síos


Is as púdair bhalctha a dhéantar formhór na gcógas a chaithimid – is amhlaidh gurb ionann na cáithníní aonair agus criostail bhídeacha den chomhdhúil gníomhach. Tá roinnt comhdhúileanna arb eol dúinn go bhfuil foirmeacha criostail éagsúla acu, ar a dtugtar polamoirf. Tá airíonna fisiceacha agus ceimiceacha éagsúla ag an polamoirf éagsúla i gcomhdhúil, lena dtugtar le fios go bhfuil ordlathas cobhsaíochta coibhneasta acu. Tá gné amháin den taighde ag an Lárionad Cógaisíochta Sintéise agus Soladstaide (SSPC) dírithe ar thuiscint a fháil ar chomhdhúileanna polamorfacha agus ar na meicníochtaí lena rialaítear a gcuid airíonna, amhail criostalstruchtúr, íonacht, cruth agus méid, agus leas a bhaint as na meicníochtaí sin d’fhonn cur leis an raon cógas atá ar fáil don phobal. Taispeántar san íomhá mhicreagraif optúil seo criostal piracetam d’fhoirm II (garbh, intuaslach) ag dul faoi chlaochlú polamorfach go dtí criostal níos cobhsaí d’fhoirm III (réidh, aghaidheanna sainithe) i meatánól ag 25°C.

Clár Ábhair

Príomhstaitisticí	2
Fís	4
Misean	4
Bunluachanna	4
Clár Oibre 2020	5
Ráiteas an Chathaoirligh	6
Ráiteas an Ard-Stiúirthóra	10
An Bhliain faoi Athbhreithniú 2014	16
Forléargas ar Ghníomhaíochtaí 2014	20
Rialachas agus Maoirseacht	36
Struchtúr Eagraíochtúil	41
Ráitis Airgeadais 2014	47
Tiomantais Deontais agus Anailís Íocaíochtaí 2014	65




* Bunaithe ar líon na lua eolaíochta ar bhonn idirnáisiúnta in aghaidh an pháipéir
 Foinse: Essential Science Indicators SM ó Thomson Reuters




2,851

duine ag obair ar thionscail taighde arna dtacú ag SFI.



448



Chuaigh 448 nduine aonair chun cinn ina gcuide gairmeacha ó fhoirne taighde SFI

- D'fhan 65% díobh in Éirinn
- Bhog 20% díobh go dtí poist sa tionscal.

Tacaíonn SFI **1,000** mac léinn iarchéime le níos mó ná

SCIENCE
WEEK



250,000

I rith Sheachtain na hEolaíochta, rinneadh teagmháil le níos mó ná duine trí níos mó ná **800** imeacht



Thug dámhachtainí SFI tacaíocht dhíreach do

1,843

bhabhta comhoibrithe acadúla idirnáisiúnta i 57 dtír

+200
COMHPHÁIRTÍ
TIONSCAIL

12 Lárionad
Taighde
SFI

€355 mhilliún
ó SFI

Tiomantas
€190 milliún
ón Tionscalt

Trí dhámhachtainí SFI, tugadh tacaíocht dhíreach do

2029
bhFoilseachán
Eolaíochta

a raibh 45% díobh scríofa i gcomhar le taighdeoirí atá bunaithe go hidirnáisiúnta; bhí comhúdar ón tionscal ag 8% díobh.

343
dhámhachtain
nua ceadaithe
in 2014


thar
23
chlár

Bhí baint ag taighdeoirí SFI le heagrú

764

chomhdháil náisiúnta agus idirnáisiúnta, ar tionóladh 528 díobh in Éirinn

le luach
€274 mhilliún



sfi



Fís

Beidh Éire ina ceannaire domhanda sa taighde, san fhionnachtain agus sa nuálaíocht i réimse na heolaíochta agus na hinnealtóireachta.

Misean

Cuirfidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann chun cinn sochaí agus geilleagar na hÉireann trí thacú leis an taighde eolaíochta agus innealtóireachta is fearr agus feasacht á múscailt aici i leith an róil agus na ndeiseanna a chruthaíonn an eolaíocht agus i leith a tionchair.

Bunluachanna



Clár Oibre 2020

Is é Clár Oibre 2020 plean straitéiseach SFI i gcomhair na tréimhse 2012 go 2020. Tá ceithre phríomhchuspóir leis:

- 1 A bheith ar an ngníomhaireacht chistiúcháin eolaíochta is fearr ar domhan i ndáil le tionchar a chruthú de bharr taighde den chéad scoth agus luach soiléir a léiriú ar airgead a infheistítear. Chuige sin, ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh:**
 - a. Infheistíocht straitéiseach, roghnaitheach a dhéanamh, a bheidh á treorú ag beartú tosaíochta taighde leanúnach lena n-áirítear an cleachtadh náisiúnta um beartú tosaíochta taighde atá curtha i gcrích;
 - b. Infheistiú i gcumas taighde aistritheach SFI d'fhonn dul chun cinn an taighde ó fhionnachtain go seachadadh a fheabhsú;
 - c. Sraith lárionad taighde a fhorbairt a bheidh aitheanta go hidirnáisiúnta, a mheallfaidh caipiteal agus tallann taighde idirnáisiúnta agus a mheallfaidh, a dhaingneoidh agus a thionscnóidh cuideachtaí gaolmhara in Éirinn; agus
 - d. Cur le líon na dtaighdeoirí a bhfuil oiliúint curtha ag SFI orthu atá fostaithe i dtionscal.
- 2 A bheith mar eiseamláir i leith comhpháirtíochtaí a fhorbairt a dhéanann cistiú ar eolaíocht den chéad scoth agus a chuireann chun cinn í sa mhargadh agus sa tsochaí. Chuige sin, ní mór an méid seo a leanas a dhéanamh:**
 - a. Comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt; agus
 - b. Éagsúlú a dhéanamh ar na foinsí cistiúcháin do bhonn eolaíoch na hÉireann.
- 3 An pobal is rannpháirtí agus is eolaí ar bhonn eolaíoch a bheith againn.**
- 4 Ionadaíocht a dhéanamh ar eagraíocht nua-aimseartha idéalach de chuid na seirbhíse poiblí, le soláthar foirne ar bhonn barainneach, solúbtha, le bainistíocht éifeachtúil, éifeachtach.**

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm a thuairisciú go raibh 2014 ina bhliain shuntasach inar choinníomar lenár misean i leith an eolaíochta a chur i gcroílár gheilleagar agus sochaí na hÉireann. Táimid ag gníomhú de réir an sceidil i dtaobh freastal ar ár spriocanna, mar atá leagtha amach inár bplean straitéiseach: Clár Oibre 2020.



Forbhreathnú

Agus tuarascáil bhliantúil agus tuairisceáin airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) do 2014 á gcur i láthair againn, ba mhaith liom an deis a thapú chun machnamh a dhéanamh ar bhliain ar bhain tábhacht

léi don eagraíocht. Bliain ab ea 2014 inar choinnigh SFI leis an dul chun cinn leanúnach i leith ár spriocanna agus ár gcuid oibre a dhéanamh, in éineacht leis an Rialtas, lenár gcomhpháirtithe acadúla agus lenár gcomhpháirtithe tionscail chun a chinntiú go bhfuil éiceachóras taighde éifeachtach againn anseo in Éirinn.

Trí éiceachóras éifeachtach a bheith againn, cinnteofar go mbeidh timpeallacht againn a chabhróidh le mealladh, coimeád, leathnú agus tionscnamh an chineáil tionscail a bheidh ina bhonn le níos mó post ardluacha a chruthú, rud a mbeidh tionchar dearfach aige freisin ar ár sochaí, in Éirinn agus ar fud an domhain.

Le dhá mhí déag anuas, lean SFI ar aghaidh ag comhlíonadh spriocanna tábhachtacha de chuid Chlár Oibre 2020. I gcomhthéacs eagraíocht seirbhíse poiblí nua-aimseartha a fheidhmiú, a bhfuil foireann bharainneach, sholúbtha aici, le bainistíocht atá éifeachtach agus éifeachtúil, tá comhpháirtíochtaí á dtógáil againn trína ndéantar cistiú ar eolaíocht den chéad scoth agus trína ndéantar léiriú soiléir ar luach ar an airgead a infheistítear.

Bhí siad seo a leanas i measc bhuaicphointí an Bhoird le linn 2014:

Tuiscint ar an nGnó

D'fhonn tuiscint níos doimhne a fháil ar an taighde atá á dhéanamh ag na daoine agus na tionscadail ina n-infheistíonn SFI airgead, bhí áthas ar an mBord am a chaitheamh ag roinnt de lárionaid taighde SFI.

Thugamar cuairt ar Ionad Cógasbhitheach an Bhia i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, atá sa dara háit sa domhan i dtaobh taighde um próibhitheacha, agus a bhfuil seisear taighdeoirí atá nó a bhíodh i mbun oibre ann i measc an 20 údar a bhfuil an rangú is airde acu i measc níos mó ná 15,000 údar ar fud na cruinne. Ba mhór an onóir é bualadh leis na cliniceoirí, na cliniceoirí-eolaithe agus na mic léinn iarchéime, dream cumasach daoine, agus le roinnt dá chomhpháirtithe tionscail a bhíonn ag obair sa réimse tábhachtach seo den fhionnachtain eolaíochta.

Bhí sé de phribhléid ag an mBord am a chaitheamh le príomhphearsanra de chuid Insight, an lárionad taighde arna chistiú ag SFI a bhíonn ag plé le hAnailísíocht Sonraí. Fágann an obair a dhéanann Insight go bhfuil Éire ag croílár an taighde domhanda sa réimse anailísíochta sonraí. Is comhthionscnamh é Insight idir DCU, OÉ Gaillimh, UCC, UCD agus institiúidí comhpháirtíochta eile, trína dtugtar le chéile níos mó ná 200 taighdeoir ó na hInstitiúidí Ardoideachais sin agus cinn eile le 30 comhpháirtí tionscail. I measc na gcomhpháirtithe tionscail tá RTÉ, The Irish Times, Cisco, Microsoft, Alcatel-Lucent, Clinic Spóirt Sheantraibh, IRFU, Avaya, TE Labs, TreeMetrics, NitroSell, Avego, UTRC, Shimmer agus go leor eile.

Buaicphointe eile i rith 2014 ab ea cruinniú an Bhoird le Bill Liao, comhbhunaitheoir CoderDojo, a chuir i láthair a chuid léargas ar theagasc an ríomhchlárúcháin agus ábhair STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) sna scoileanna. Bhuail an Bord freisin leis an Ollamh Carel Le Roux a rinne cur síos ar an taithí atá aige ar chlár SFI um Dhámhachtain an Taighdeora Óig de chuid Uachtarán na hÉireann. Níos déanaí sa bhliain, rinne an Dr Thomas Christensen, ceann na n-oibríochtaí san Fhondúireacht Novo Nordisk, cur i láthair don Bhoird ar dhálaí cistiúcháin taighde sa Danmhairg atá, mar aon le hÉirinn, ar cheann de na sé náisiún bheaga atá amuigh chun tosaigh sa taighde eolaíoch.

Le linn na bliana freisin, rinne an Bord níos mó teagmhála le lucht ardbhainistíochta, a d'fhág go raibh ar chumas a chomhaltá tuiscint níos fearr a fháil ar an eagraíocht, rud a bhí cuidiúil ó thaobh pléite straitéise níos leithne

Pléite Straitéiseacha

TBhí pléite straitéiseacha ag an mBord le lucht bainistíochta faoi straitéis agus faoin bpunann infheistíochta ina bhfuil os cionn 700 dámhachtain ghníomhach san iomlán anois. Díródh aird ar leith ar infheistíochtaí i ndeontais arna stiúradh ar bhonn aonair, i gcomparáid le gníomhaíochtaí a bhí ar bun ag lárionaid mhóra. Is díol spéise é gurb ionann an coibhneas faoi láthair idir na lárionaid mhóra agus na comhpháirtíochtaí i gcomparáid leis na dámhachtainí do thaighde faoi stiúir imscrúdaitheoir aonair agus 45% le hais 55%..



Leis an gcistiú nach beag atá ceadaithe do chúig lárionad taighde nua, díródh ar ábhar digiteach, bonneagar cumarsáide, feistí leighis, geo-eolaíochtaí agus bogearraí faoi stiúir Choláiste na Tríonóide, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus Ollscoil Luimnigh

Ina theannta sin, rinne an Bord athbhreithniú ar an teagmháil idir taighdeoirí arna gcistiú ag SFI, Corparáidí Ilnáisiúnta agus Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna). Faoi láthair, tá taighdeoirí arna gcistiú ag SFI i mbun 1,200 babhta comhoibrithe leis an tionscal (650 Corparáid Ilnáisiúnta agus 561 FBM).

Rud is ábhartha i láthair na huair, thionóil an Bord cainteanna mionsonraithe faoin infheistíocht ag céim níos luaithe seachas sa taighde feidhmeach. Is díol suntais é go n-infheistíonn SFI ar bhonn an-leathan sa réimse idir an buntaighde agus an taighde feidhmeach. Baineann SFI leas as na Leibhéil Ullmhachta Teicneolaíochta de chuid Choimisiúin an AE atá sonraithe i bhFís 2020 chun a chistiú a shainiú. Tá cistiú SFI scaipthe thar leibhéal a haon go dtí leibhéal a sé, le níos mó ná 60% de i Leibhéal Ullmhachta Teicneolaíochta a haon agus Leibhéal Ullmhachta Teicneolaíochta a dó. Is amhlaidh go bhfuil naoi leibhéal sa mhairís sin, agus léiríonn leibhéal a naoi teicneolaíocht atá réidh le haghaidh forbairt thráchtála.

Príomhchinntí Cistiúcháin

I mí Mheán Fómhair, nuair a bhí sé deimhin go raibh próiseas láidir leanta, cheadaigh an Bord cistiú de €155 milliún do chúig Lárionad Taighde nua (féach leathanach 11) agus mhol sé an fhoireann a bhí i gceist as cáilíocht na ndoiciméad a cuireadh ar fáil chun cabhrú leis an mBord cinneadh a dhéanamh agus as ucht a mhionsonraithe a bhí na doiciméid sin.

Cuireadh liosta de na deontais a bhí ceadaithe ag an gCoiste Feidhmiúcháin faoi bhráid an Bhoird ag gach ceann dá chuid cruinnithe.

Cheadaigh SFI 343 dhámhachtain nua le linn 2014. I gcomhréir lena údarás tarmhligthe ceadaithe, cheadaigh an Coiste Ceadaithe Deontas 21 de na dhámhachtain sin (15 Dhámhachtain d'Imscrúdaitheoir, 4 dhámhachtain Spokes, 1 Ollúnacht Taighde amháin agus 1 Chlár Comhpháirtíochta amháin), arbh fhiú €35.6 milliún san iomlán iad.

Luachanna

Chinn an Bord i mbliana díriú ar na luachanna lárnacha is bonn lenár gcultúr agus féachaint orthu as an nua. Ghlac an Bord agus gach ball foirne páirt i bpróiseas chun a gcuid luachanna féin a iniúchadh, mar aon leis an ailíniú idir iad agus fíis agus misean SFI. Is iad seo a leanas na luachanna atá comhaontaithe ag fostaithe SFI:

Sármhaitheas:

Comhlíonaimid ár ngealltanais agus sáraímid an méid a mbítear ag súil leis uainn.

Paiseanta:

Is miste linn i ndáiríre gach gné den obair a dhéanaimid agus táimid lántiomanta don duine aonair, don eagraíocht agus dár bpobal.

Forásach:

Is gníomhaireacht chistiúcháin muid atá nuálach, dinimiciúil agus a bhfuil fíis againn.

Ionracas:

Déanaimid an rud ceart.

Comhoibríoch:

Ag obair le chéile ar mhaithe leis an eolaíocht sa tsochaí; ag obair le chéile ar mhaithe lena chéile.

Meas:

Is mór againn gach duine laistigh agus lasmuigh den eagraíocht as a gcuid ama, a dtuairimí agus an cion a dhéanann siad maidir le straitéis SFI a bhaint amach.

Tá na luachanna SFI sin leabaithe laistigh den eagraíocht agus is iad a spreagann agus a threoraíonn ár n-iompar. Trí chloí leis na luachanna sin, beidh ar ár gcumas ardchaighdeán feabhais a bhaint amach maidir le gach rud a dhéanaimid, ar an mbealach ceart, agus cultúr beoga, ilghnéitheach agus uilechuimsitheach a choinneáil beo lena gcuirtear ar a gcumas dár ndaoine an obair is fearr is féidir a dhéanamh agus a n-acmhainn iomlán a bhaint amach.

Rialachas Corparáideach agus Bainistíocht Riosca

Le linn 2014, bhunaigh an Bord Coiste Rialachais Chorparáidigh a bhfuil an sainchúram air creidiúnú a bhaint amach ón Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) maidir lenár gcaighdeán rialachais chorparáidigh.



Léiríonn an t-athbhreithniú an dea-chleachtas sa rialachas corparáideach; taithí, éifeachtúlacht, éagsúlacht agus comharbas tugtha ar aird nó aghaidh tugtha orthu le toradh dearfach

Rinneadh measúnú neamhspleách go luath in 2015 ar chomhlíonadh SFI le cóid rialachais chorparáidigh atá ann faoi láthair lena n-áirítear prionsabail ECFE, an Comhchód um Rialachas Corparáideach agus an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá áthas orm a thuairisciú gur bhronn NSAI deimhniú SWIFT 3000 orainn, agus go bhfuair eamar rátáil mheasúnachta 3.8575 as uasrátáil 4.0, rud a léiríonn go bhfeidhmíonn an Bord de réir phrionsabail rialachais chorparáidigh an dea-chleachtais.

Ina theannta sin, choimisiúnaigh an Bord, tríd an gCoiste Iniúchta agus Riosca, athbhreithniú neamhspleách ar ár gclár riosca agus ár bhfionn riosca, lena n-áirítear athbhreithniú ar phrósais bainistíochta riosca, atá fós á neartú ar bhonn leanúnach.

Comhdhéanamh an Bhoird agus Cúrsaí Comharbais

Bhunaigh an Bord Coiste Comhairleach um Fhorbairt Bainistíochta/Ainmniúcháin don Bhord go luath sa bhliain chun dul i mbun oibre ar phleanáil comharbais agus ar fhorbairt don Bhord agus don lucht bainistíochta araon, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus leis an bPróiseas Ceapacháin do Bhoird Stáit, agus tá próisis chríochnúla i bhfeidhm.

Tugann ár gcomhaltaí scileanna comhlántacha, ábhartha chuig an mBord. Chomh maith le taithí idirnáisiúnta leathan, áirítear leis na scileanna sin saineolas ar airgeadas agus cuntasáocht, taighde gradamúil, TFC/micrileictreonaic, feistí leighis, cógaisíocht, biteicneolaíocht, fiontraíocht, maoiniú fiontair, for-rochtain/cumarsáid, cistiú taighde idirnáisiúnta, fiontair bheaga agus mheánmhéide, mar aon le taithí ar chúrsaí rialtais agus ar rialachas corparáideach agus taithí ar an gceannasaíocht. Mná is ea breis is 40% dár gcomhaltaí, agus tugann siad éagsúlacht luachmhar chuig an mBord.

Táim thar a bheith sásta go bhfuil Sir Tom Blundell, Stiúrthóir Taighde agus Ollamh Gradaim sa Bhithcheimic, Ollscoil Cambridge agus an tUasal Barry O'Sullivan, Príomhfheidhmeannach Altocloud, tar éis ról a ghlacadh ar an mBord ó mhí na Samhna 2014. Tá taithí fhairsing agus saineolais acu araon agus is mór an méid atá curtha acu cheana féin le díospóireachtaí an Bhoird.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom freisin aitheantas a thabhairt don Uasal Peter MacDonagh agus don Uasal Seán Aherne, a chuir iad féin i láthair le haghaidh scoir i mí Iúil, agus buíochas a ghabháil leo as a gcion luachmhar agus a gcuid seirbhíse do SFI le linn a dtréimhse fada ar an mBord. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Uasal Donal Keane, Rúnaí an Bhoird atá ag dul as oifig, agus Lisa Murphy Uasal, Bainisteoir Rúnaíochta, as a dtacaíocht domsa mar Chathaoirleach nuathofa agus a gcuid seirbhíse den scoth, agus ba mhaith liom fáilte a chur roimh an Rúnaí nua don Bhord, Kim Lavelle Uasal.

Éifeachtacht an Bhoird

Chun measúnú leanúnach ar éifeachtacht an Bhoird a spreagadh, chuaigh an Bord i mbun gníomhaíochtaí féin-mheastóireachta éagsúla agus cuireadh gné mheastóireachta san áireamh i ngach cruinniú. Rinneadh gníomh ar bhonn an aiseolais ón bpróiseas sin agus rinneadh meastóireacht sheachtrach ar éifeachtacht an Bhoird mar chuid den phróiseas deimhniúcháin SWIFT 3000 um rialachas corparáideach de chuid an NSAI. Tá clár ionduchtúcháin láidir i bhfeidhm do chomhaltaí Bhoird nua agus d'fhreastail roinnt comhaltaí Bhoird ar sheisiúin oiliúna a chuir Institiúid na Stiúrthóirí ar fáil.



Ann Riordan Uasal, Cathaoirleach SFI, an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann agus an tUasal Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

CÁS- STAIIDÉAR # 1

SFI agus Pfizer – Ag Cothú Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha lena ndéantar Cistiú ar Eolaíocht den Scoth, trína gCruthaítear Luach don tSochaí agus don Tionscal



D'fhógair SFI comhpháirtíocht uathúil le Pfizer atá dírithe ar ghnéithe ceannródaíocha den bhithteiripic a chur chun cinn in Éirinn, trí chomhoibriú idir lucht acadúil agus lucht tionscail.

Tacaíonn an Clár Dámhachtainí sin, clár nuálach de chuid SFI agus Pfizer um Nuálaíocht sa Bhith-theiripic, le tionscadail taighde chomhoibritheacha an-íomáíoch idir Pfizer agus lucht acadúil na hÉireann a d'fhéadfadh cabhrú gnéithe ceannródaíocha féideartha tábhachtacha a sheachadadh agus a chur chun cinn i réimse na himdhíoneolaíochta agus réimse na ngalar neamhchoitianta. Cruthaítear ardán dá bharr freisin maidir le tuilleadh comhoibrithe a chothú amach anseo idir an lucht acadúil agus an lucht tionscail i réimse an taighde bithleighis.

An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann, an Dr William Finlay, Stiúrthóir um Theicneolaíochtaí Bith-theiripice Domhanda, Pfizer, an tUasal Damien English TD, an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta agus an tOllamh James O'Donnell, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Buíochas

Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an

Uasal Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta; leis an Uasal Sean Sherlock TD, iar-Aire Taighde agus Nuálaíochta; leis an Uasal Damien English TD, an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta; agus leis na hoifigigh sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta as an tacaíocht agus an spreagadh a thug siad dúinn ar feadh na bliana 2014. Tá ár mbuíochas tuillte freisin ag na heagraíochtaí a bhíonn ag obair i ndlúthpháirt linn, lena n-áirítear na hollscoileanna agus institiúidí ardoideachais eile, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus ár gcomhghníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann; agus ag na gníomhaireachtaí eile a bhíonn i mbun taighde a chistiú, an Bord Taighde Sláinte (HRB), An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) agus Teagasc.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Ard-Stiúrthóir agus d'fhoireann SFI as a dtiomantas don fheabhas a bhaint amach i ngach rud a dhéanann siad agus as ucht a bhfócas ar ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach mar atá leagtha amach i gClár Oibre 2020.

Agus, ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord as an tacaíocht a thug siad dom le linn 2014 agus aitheantas a thabhairt dá dtiomantas mór ama do SFI trína bhfreastal ar chruinnithe agus tríd an gcion a rinne siad mar chomhaltaí coiste nó comhaltaí boird.

Tuarascáil Bhliantúil

Is é cuspóir an Bhoird ardchaighdeán um nochtadh a chomhlíonadh agus measaimid go dtugann an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais seo cuntas cóir, cothrom agus intuigthe ar an mbliain a chaith SFI in 2014, agus go bhfuil an fhaisnéis is gá iontu chun measúnú a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht, ár bpunann infheistíochta agus ár straitéis.

Agus muid ag breathnú ar aghaidh go dtí 2015, leanfaimid orainn ag díriú ar ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus cuirfimid ár straitéis in oiriúint, más gá, do Straitéis nua an Rialtais um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, a bhfuiltear ag súil a fhoilseofar le linn na bliana seo atá romhainn.

Ann Riordan
Cathaoirleach
Science Foundation Ireland

Ráiteas an Ard-Stiúrthóra

Fís: Beidh Éire ina ceannaire domhanda sa taighde, san fhionnachtain agus sa nuálaíocht i réimse na heolaíochta agus na hinnealtóireachta, lena spreagar geilleagar láidir, inbhuanaithe agus sochaí níos fearr.



Sula ndéanfaidh mé cur síos ar SFI agus ar an obair atá á déanamh againn, ba mhaith liom léargas a thabhairt ar an bpictiúr níos leithne i leith na hÉireann.

Tá cónaí orainn i dtír, i sochaí agus i ndomhan atá ag athrú go tapa. Tá an teicneolaíocht, an nuálaíocht agus an eolaíocht i measc phríomhspreagthóirí an athraithe sin.

Le blianta beaga anuas, is rímhaith a chruthaigh Éire i dtaobh an t-athrú sin a fheiceáil ag teacht agus freagairt dó. Cé gur náisiún beag muid, chuaigh muid san iomaíocht agus d'éirigh linn – is gnách linn tionchar níos mó a bheith againn má mar a bheifeá ag súil leis ó tír dár mhéid. Táimid tar éis comhlachtaí idirnáisiúnta móra le rá a mhealladh, mar aon le hinfeistíocht ó thar lear, agus thógamar sochaí agus geilleagar atá comhdhéanta de dhaoine cliste eolasacha a mbíonn smaointe agus nuálaíocht á dtrádáil acu. Ach is níos iomaíche atá cúrsaí ag fáil agus ní mór dúinn dul chun cinn níos mó fós a dhéanamh. Ní mór dúinn a bheith iomaíoch, a bheith ina lucht cruthaithe smaointe nua agus nuálaíochtaí agus iad a bheith faoi úinéireacht againn. Ní mór dúinn leanúint ar aghaidh ag cur le scileanna ár ndaoine, ag neartú ár ngeilleagair agus ár sochaí agus ag cinntiú go mbeimid réidh faoi choinne na todhchaí. Ní mór dúinn a bheith i gceannas agus a bheith nuálach. Tosaíonn an nuálaíocht leis an bhfionnachtain agus leis an eolaíocht, bíonn sí á stiúradh ag daoine cumasacha, paiseanta a bhfuil smaointe acu. Tá SFI anseo chun na daoine céanna sin a chumasú, tacaíocht a thabhairt dóibh agus cumhacht a thabhairt dóibh.

Is é SFI an ghníomhaireacht stáit a dhéanann cistiú ar thaighde eolaíochta den scoth agus a chuid feidhmeanna: ó fhionnachtain go dtí seachadadh. Tá muid amuigh chun tosaigh in a lán réimsí agus muid ag cur borradh faoi “an chéad rud eile”. Bímid ag tabhairt infheistíochta agus tacaíochta do na taighdeoirí is fearr ag a bhfuil smaointe iontacha is bonn le tionscadail den scoth a d’fhéadfadh difríocht cheart a dhéanamh d’Éirinn agus dá muintir, agus tionchar dearfach a bheith acu ar ár ngeilleagar agus ar an tsochaí. Cothaímid an comhoibriú le lucht tionscail agus lucht carthanachta, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Cuirimid na hábhair STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) chun cinn do gach duine; tugaimid spreagadh do dhaoine óga agus tacaímid leo ionas go mbeidh gairm spreagúil acu sna hábhair STEM – a bheidh chun a leasa féin agus chun leasa na hÉireann.

Tugann SFI luach den scoth ar airgead. Trínár gcuid iarrachtaí agus ár gcuid acmhainní a dhíriú ar na daoine agus na

smaointe is fearr, cuirimid faoi deara toradh sármaith ar an infheistíocht a dhéanaimid ar son shaoránaigh na hÉireann – ag tacú le todhchaí na hÉireann trí dhul chun cinn sa teicneolaíocht, trí chaighdeán maireachtála na ndaoine agus trí phoist ardluacha a chruthú anois agus san am atá le teacht.

Cuidíonn SFI le hÉirinn a bheith san iomaíocht agus seasamh amach ar bhonn idirnáisiúnta, ag tógáil ar an gclú atá orainn mar cheannaire domhanda san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus san innealtóireacht, ag mealladh na n-eolaithe is fearr chun teacht ag obair in Éirinn, áit a mbeidh a gcuid intinn chumasach ag cabhrú le hÉirinn dul chun cinn a dhéanamh. Tá Éire sa 16ú háit ar domhan maidir le cáilíocht ár dtaighde eolaíoch agus tá sí sa chéad áit ar domhan le haghaidh a cuid taighde sa Naineolaíocht, sa dara háit sa Ríomheolaíocht agus san Imdhíoneolaíocht, sa tríú háit i dtaobh Eolaíocht Ainmhithe agus Déiríochta agus sa chúigiú háit maidir le hEolaíocht na nÁbhar. Léiríonn anailís neamhspleách a rinne Eurostats, sa Choimisiún Eorpach, go bhfuil Éire ar an tír is éifeachtúla san AE i dtaobh Taighde agus Forbartha, agus go mbaineann sí an t-aschur nuálaíochta is mó is féidir as infheistíocht phoiblí sa taighde atá faoi bhun an mheáin (mar % den OTI). Is tuar maith é an méid sin don todhchaí: de réir mar a thiochfaidh geilleagar na hÉireann ar ais chuige féin, ba chóir go mbeadh móréifeacht dhearfach dhíreireach ag méadú ar an infheistíocht phoiblí sa Taighde agus Forbairt ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí.

Ba bhliain shuntasach a bhí in 2014 don SFI agus don phobal taighde in Éirinn a dtacaíonn sé leis. Cuirimid fáilte roimh thiomantas leanúnach an Rialtais d’infheistíocht a dhéanamh i dtaighde eolaíoch den scoth, taighde a mbeidh tionchar aige, agus roimh an tuiscint atá aige go bhfuil an infheistíocht rithábhachtach d’fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta na hÉireann. Déanann SFI cion i dtaobh beartas Rialtais, agus cuireann sé chun feidhme é.

An taighde a dtacaíonn SFI leis, tá sé ag cur athrú ar shaol na ndaoine agus ag cuidiú tionscail na todhchaí a chruthú. Mar shampla, tá INFANT, atá ar cheann de na Lárionaid Taighde den scoth de chuid SFI, agus é bunaithe in Ospidéal Máithreachais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, ag obair ar réimse réiteach leis an tionscal d’fhonn feabhas a chur ar chúram sláinte do mhná atá ag iompar clainne agus do leanaí óga agus, go deimhin, is é an Lárionad sin a d’fhorbair an chéad diagnóis réamhfháistineach don réamheaclamsia go luath sa toircheas.

CÁS- STAIDÉAR #2

Tagann Taighdeoir Innealtóireachta a bhfuil cáil dhomhanda air agus ar Nuálaí Rathúil é chun oibre i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath

An tOllamh Robert Bogdan Staszewski



Cheap Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath an tOllamh Robert Bogdan Staszewski, taighdeoir innealtóireachta a bhfuil cáil dhomhanda air, ina cheannaire ar chlár taighde ceannródaíoch a d'fhéadfadh cur le cumas na hÉireann mar lárionad domhanda do 'Idirlíon na nEarraí'.

PBronnadh cistiú €5 mhiliún ar an Ollamh Staszewski faoi Chlár Ollúnachta Taighde SFI. Tá go leor réamh-mheastachán ann ina dtugtar le fios go mbeidh 30-50 billiún gléas ceangailte gan sreang leis an idirlíon faoi dheireadh na ndeich mbliana seo, de réir mar a thiocfaidh cathracha cliste, sláinte nasctha agus talmhaíocht chliste chun cinn.

D'fhéadfadh clár taighde an Ollaimh Staszewski a bheith ina chúis le forbairtí teicneolaíochta ceannródaíoch tábachtacha a dhéanadh cumasú ar leictreonaic ísealchostais, ísealchumhachta, a bheadh ina gné bhunúsach de 'Idirlíon na nEarraí'. Bheadh tionchar suntasach aige sin ar an tionscal micreileictreonaic agus an tionscal bogearraí den scoth atá ag Éirinn, atá ina gcuid de mhargadh domhanda ar fiú na trilliúin dollar é.

Is taighdeoir agus innealtóir é an tOllamh Staszewski a bhíodh ag obair do chuideachtaí móra sna Stáit Aontaithe agus a bhí a phost ba dhéanaí in Ollscoil Teicneolaíochta Delft na hÍsiltíre.

Tá borradh ag teacht faoi na naisc agus na babhtaí comhoibríthe idir taighdeoirí sna hinstiúidí Ardoideachais in Éirinn agus lucht tionscail i dtaobh a lín, a ndoimhneachta agus a gcáilíochta; rud a chabhraíonn cuideachtaí agus poist ardluacha a mhealladh go hÉirinn, a chruthú sa tír seo, agus a choimeád sa tír seo.

Le linn 2014, rinne taighdeoirí arna gcistiú ag SFI gearáil ar chistiú nach beag nach dtagann ón Státchiste, lena n-áirítear cistiú atá ar fáil trí chlár AE cosúil le Fís 2020 agus ó chomhpháirtíochtaí tionscail. Ina theannta sin, bhunaigh SFI comhpháirtíochtaí leis an Roinn Oideachais agus Foghlama i dTuaisceart Éireann, leis an gCumann Ríoga sa Ríocht Aontaithe agus le cuideachtaí ar nós Pfizer.

Faoin gcinneadh cistiúcháin ba shuntasáí a rinneadh in 2014, tacaíodh le leathnú líon na Lárionad Taighde de chuid SFI ó sheacht gcinn go dtí dhá cheann déag. Tá na cúig Lárionad Taighde mórsála nua den chéad scoth sin de chuid SFI ag comhoibriú leis an lucht tionscail agus bunaíodh iad tar éis próiseas an-iomaíoch inar cuireadh na tograí agus na foirne taighde faoi réir dianmheastóireachta ag saineolaithe idirnáisiúnta nár mhol i gcomhair cistithe ach amháin iad siúd a thugann faoin eolaíocht ar chaighdeán barr feabhais agus a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith acu.

Tá an cistiú €155 mhiliún nua sin ón Stát, arna chur ar fáil trí SFI, ag dul le €90 mhiliún in airgead agus ranníocaíochtaí comhchineáil ó 134 chomhpháirtí

tionscail (69 gCorparáid Ilnáisiúnta agus 65 FBM). Tacóidh an cistiú le taighde ceannródaíoch in earnálacha ríthábhachtacha agus in earnálacha atá ag teacht chun cinn den gheilleagar a mbaineann tábacht mhór leo i dtaobh cruthú post in Éirinn anois agus amach anseo. Cuirfear an cistiú ar fáil thar an tréimhse sé bliana atá romhainn, 2014-2020. Trí oibriú i ndlúthpháirt le comhghleacaithe tionscail den scoth ón gcéad lá riamh, is amhlaidh nach amháin gur taighde sármaith a dtacaíonn SFI leis, ach taighde atá ábhartha agus a bhfuil tionchar aige, agus ar féidir é a chur chun cinn go tapa feadh an chosáin idir fionnachtain agus seachadadh – is é sin an chuid is fearr den scoláireacht rannpháirtíochta.

Is iad seo a leanas na cúig Lárionad nua:

- ▶ **ADAPT – Lárionad um Ábhar Digiteach**
- ▶ **CONNECT – Lárionad um Líonraí agus Cumarsáid na Toghcháin**
- ▶ **CÚRAM – Lárionad um Thaighde i bhFeistí Leighis**
- ▶ **iCRAG – Lárionad na hÉireann um Thaighde sna Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha**
- ▶ **LERO – Lárionad Taighde na hÉireann um Bogearraí**

Sna Lárionad Taighde sin de chuid SFI, déantar taighde eolaíoch ceannródaíoch den scoth i gcomhthéacs rannpháirtíochta shuntasach le fiontair – barr feabhais agus tionchar. Tá muintín againn gur mór an méid a dhéanfar iontu ar mhaithe le geilleagar, fostaíocht agus cáil na hÉireann, chomh maith le réitigh a aimsiú ar a lán dúshlán atá le sárú ag an tsochaí.



Bímid ag tabhairt infheistíochta agus tacaíochta do na taighdeoirí is fearr ag a bhfuil smaointe iontacha is bonn le tionscadail den scoth a d'fhéadfadh difríocht cheart a dhéanamh d'Éirinn agus dá muintir, agus tionchar dearfach a bheith acu ar ár ngeilleagar agus ar an tsochaí.

Is maith mar atá clár na Lárionad Taighde de chuid SFI ag feidhmiú cheana féin: sna chéad seacht Lárionad SFI a cistíodh anuraidh, forbraíodh comhpháirtíochtaí idir lucht tionscail agus lucht acadúil tríd an gclár Spokes, agus iad ag mealladh taighdeoirí óga agus ag cur oiliúint orthu, ag teacht ar bhunfhionnachtana tábhachtacha, ag bunú macchuideachtaí, ag aistriú teicneolaíochtaí chuig cuideachtaí atá ann cheana féin agus ag cur le cáil idirnáisiúnta na hÉireann. Tríd an gclár Spokes, cuirfear ar a gcumas don dá Lárionad déag fás agus iad féin a chur in oiriúint, a thabharfaidh an deis do chomhpháirtithe tionscail agus comhpháirtithe acadúla nua páirt a ghlacadh leo, agus an deis cumais úra a fhorbairt sna Lárionad agus eatarthu.

Tá ról lárnach ag SFI i dtaobh oiliúint a chur ar shainoibríthe na todhchaí agus iad a ullmhú don tionscal. Is ag Éirinn atá an céatadán is airde céimithe eolaíochta agus innealtóireachta san ECFE anois, agus tá líon na gcéimithe PhD atá ag obair sa tionscal dúbailte idir 2000 agus 2010.

In 2014, lean SFI ag aghaidh ag tacú le taighdeoirí den scoth i luathbhlianta a ngairme trí leithdháileadh €23 mhilliún do 41 taighdeoir trí Dheontas Taighde Imscrúdaitheora Tosaigh (SIRG) SFI agus an Dámhachtain um Fhorbairt Gairme (CDA) dá chuid.

Tacaíonn SIRG le taighdeoirí iardhochtúireachta den scoth agus le daoine eile nach raibh post taighde neamhspleách acu go fóill, agus iad ag tógáil na chéad chéimeanna i dtreo gairm taighde neamhspleách. Tacaíonn CDA le himscrúdaitheoirí den scoth atá fós sna céimeanna luatha dá ngairm taighde, a bhfuil post acadúil neamhspleách (post buan nó conradh téarma sheasta) acu cheana féin (aistriú go dtí ceannaireacht).

In 2014, shínigh SFI conradh comhpháirtíochta leis an gCumann Ríoga, an cumann eolaíochta is sine agus is mó le rá ar fud an domhain, lena leathnaítear an scéim Comhaltachta Taighde Ollscoile de chuid an Chumainn Ríoga, scéim a bhfuil ardmheas uirthi, go hÉirinn. Beidh iarratasóirí ar an gclár sin, a bheidh súil acu dul i mbun taighde in Institiúid Ardoideachais in Éirinn, san iomaíocht de réir na gcritéar céanna leo siúd sa Ríocht Aontaithe, agus déanfaidh an Cumann Ríoga measúnacht orthu ar an mbonn céanna. Is é an Cumann Ríoga a bhronnfaidh na dámhachtainí ar na hiarratasóirí eolaíochta, agus aisiocfaidh SFI na costais leo. Leis an scéim seo, déantar leathnú ar na deiseanna atá ar fáil do Phobal Taighde na hÉireann. Tugann an scéim léiriú idirnáisiúnta ar chaighdeán na dtaighdeoirí Éireannacha agus cothaíonn sí an comhoibriú idir ceannairí taighde na todhchaí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn.



D'fhógair an tUasal Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus an tUasal Damien English TD, an tAire Scileanna Taighde agus Nuálaíochta, cistiú Rialtais agus tionscail €245 mhilliún chun cúig Lárionad Taighde SFI nua den chéad scoth a bhunú in Éirinn. Sna hionaid nua – ADAPT, CONNECT, CÚRAM, iCrag agus LERO – díreofar ar na geo-eolaíochtaí feidhmeacha, bogearraí, líonraí cliste, TFC, an bhiteicneolaíocht agus feistí leighis.

CÁS- STAIIDÉAR #3

Tá Putóga as an nGnách ag Foireann Rugbaí na hÉireann

Éanna Falvey, UCC, An Clinic Máinliachta Spóirt (Baile Átha Cliath), Declan Kidney, IRFU; An Dr Paul Cotter, Teagasc agus Ionad Cógasbhitheach an Bhia; An Dr Eileen Murphy, Sláinte an Bhia; An tOllamh Fergus Shanahan, Ionad Cógasbhitheach an Bhia, Atlantia Food Clinical Trials, UCC agus an Dr Michael Molloy, UCC.

Tá staidéar curtha i gcrích ag eolaithe in Ionad Cógasbhitheach an Bhia (APC) i gcomhar le Cumann Rugbaí na hÉireann inar léiríodh go bhfuil tionchar ag an aclaíocht agus ag athruithe ar an aiste bia a bhíonn ag gabháil léi ar an éagsúlacht mhicróbach sna putóga.

Tá an tábhacht a bhaineann leis na miocróib sna putóga againn i dtaobh sláinte agus cosanta i gcoinne galair ag éirí níos soiléire agus níos soiléire. Go háirithe, tá ceangal déanta idir éagsúlacht mhór mhicróbach agus sláinte níos fearr, agus ceangal idir éagsúlacht íseal miocrób sna putóga agus galair agus siondróim éagsúla, lena n-áirítear an murtall.

Léiríodh sa staidéar seo go raibh an micreaflóra sna putóga ag ár bhfoireann Rugbaí Náisiúnta d'éagsúlacht an-mhór i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne in Éirinn (mar a léiríodh de bharr Seicheamhú Ard-Tréchuir).

Tá ceangal ar leith idir an éagsúlacht mhór sin agus aclaíocht agus ithe próitéine, agus tugtar le fios dá bharr gur féidir cur leis an éagsúlacht mhicróbach sna putóga trí phróitéiní áirithe a ithe agus/nó tríd an aclaíocht.

Is í seo an chéad tuarascáil a léiríonn go gcuireann an aclaíocht le héagsúlacht mhicróbach sa duine. Tá sé léirithe cheana féin go mbíonn tionchair ag an aiste bia ar éagsúlacht mhicróbach, ach tuairiscítear anois go bhfuil ceangal dearfach idir ithe próitéine, go háirithe, agus éagsúlacht mhicróbach.



Amhail ár gcomhpháirtíocht leis an gCumann Ríoga, trí chomhpháirtíochtaí SFI leis an Wellcome Trust, le Fondúireacht Náisiúnta Eolaíochta SAM agus leis na hInstitiúidí Náisiúnta Sláinte i SAM, cuirtear ar a gcumas do thaighdeoirí Éireannacha dul san iomaíocht ar an gcaighdeán céanna, de réir na gcrítéar céanna, le taighdeoirí sna tíortha sin, rud a léiríonn go follasach caighdeán idirnáisiúnta thaighdeoirí na hÉireann. Tacaíonn na comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta sin le comhoibriú idirnáisiúnta luachmhara a chruthú agus cistiú a ghíaráil ó fhoinsí seachas Státchiste na hÉireann.

Le linn 2014, lean SFI ar aghaidh ag cistiú taighde eolaíochta agus innealtóireachta sna réimsí a bhfuil an luach straitéiseach is mó acu ó thaobh iomaíochas fadtéarmach agus forbairt fadtéarmach na hÉireann. Mar shampla, tacaíonn Clár Imscrúdaitheoirí SFI le tionscadail taighde mhórthionchair den scoth arna mbeartú ag imscrúdaitheoirí aonair. In 2014, chistigh SFI 42 thogra, agus thacaigh sé le 200 post taighde, a raibh comhoibriú le 62 chuideachta i gceist leo, ar chostas iomlán €51 mhilliún. I measc na ndámhachtainí bhí taighde i réimsí cosúil le táirgeadh inbhuanaithe bia, táirgeadh bithchógaisíochta, ailse a bhrath agus imscrúdú ar dhul chun cinn an titimís a rialú.

An bhliain seo caite, leathnaigh SFI an tacaíocht uaidh do thaighdeoirí óga Éireannacha den scoth agus é ag díriú ar fheabhas a chur ar rath na hÉireann ag an gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC).

Bhí tionchar na tacaíochta sin le sonrú nuair a fógraíodh dámhachtainí ar bhfiú thart ar €11 mhilliún iad d'ochtar

taighdeoirí Éireannacha trí Dheontais Tosaithe ERC, an líon is mó deontas fós ón ERC a bronnadh ar thaighdeoirí atá bunaithe in Éirinn. Is sainmharc feabhais é sin: ní raibh ach Iosrael amuigh chun tosaigh ar Éirinn i dtaobh ratha.

Chuir SFI chun cinn clár Comhaltachta Tionscail SFI ar bhonn gníomhach. Faoin gClár sin, féadfaidh duine ar bith de na taighdeoirí arna gcistiú ag SFI togra a chur isteach maidir le suas le bliain amháin a chaitheamh ag obair ar thionscadal taighde comhoibrítheach sa tionscal in aon áit ar domhan. Ceadaíodh seacht gcinn de chomhaltachtaí nua le bliain anuas. Ba mhaith le SFI leathnú a dhéanamh ar an gclár tábhachtach sin; is amhlaidh go mbeidh formhór na dtaighdeoirí a fhaigheann cistiú ó SFI ag obair ina dhiaidh sin san earnáil phríobháideach, agus, faoin Scéim Comhaltachta Tionscail seo, is féidir le taighdeoirí taithí a fháil ar thaighde tionsclaíoch agus is féidir le cuideachtaí blas a fháil de chaighdeán an taighde Éireannaigh agus na dtaighdeoirí Éireannacha agus dul ar aghaidh, mar atá súil againn, chuig comhpháirtíochtaí taighde níos doimhne.

Mar aitheantas ar an ngá atá ann go gcuirfeadh Éire lena hacmhainn i réimsí taighde lárnacha a mbaineann tábhacht leo i dtaobh an gheilleagair, bhí SFI i mbun oibre leis an tionscal agus leis na seacht nOllscoil de chuid na hÉireann chun réimsí a aithint, ag teacht le tosaíochtaí straitéiseacha náisiúnta agus institiúideacha, inar cheart díriú ar ollúna taighde ardchéimneacha a earcú.



Tacaíonn SFI go díreach le 650 babhta comhoibríthe le 309 gcuideachta ilnáisiúnta agus 561 bhabhta comhoibríthe le 442 fhiontar bheaga agus mheánmhéide.

Ag obair dó i gcomhar leis na seacht nOllscoil Éireannacha, sheol SFI scéim um Ollúnacht Taighde Spriocdhírthe d'fhonn taighdeoirí den chéad scoth a mhealladh go hÉirinn i réimsí tábhachtacha straitéiseacha lena n-áirítear an déantúsaíocht, feistí leighis, aosú, agráibhia agus fuinneamh.

Déanfar Ollúna Taighde a bhfuil próifílí taighde den scoth acu a earcú d'fhonn clár taighde a bhfuil gradam idirnáisiúnta acu a chothú, a spreagadh, agus a thógáil (trí mheantóireacht a dhéanamh ar thaighdeoirí óga Éireannacha), i bpríomhréimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach leo d'Éirinn, i gcomhar leis an tionscal go minic. Earcaíodh an tOllamh Robert Bogdan Staszewski chuig Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath mar chuid den chlár seo chun a bheith i gceannas ar thaighde ceannródaíoch sa mhicrileictreonaic, go háirithe de réir mar a bhaineann sí le hIdirlíon na nEarraí; i gcomhar le taighdeoirí i Lárionad Taighde Connect SFI agus le cuideachtaí ábhartha a bhfuil láithreach shuntasach acu in Éirinn, amhail Analog Devices agus Xilinx.

Is amhlaidh anois go bhfuil taighdeoirí arna dtacú ag SFI i mbun oibre in 2,346 bhabhta comhoibríthe tionscail, a bhfuil tacaíocht dhíreach á tabhairt ag SFI do bhreis is 1,200 acu. Tacaíonn SFI go díreach le 650 babhta comhoibríthe le 309 gcuideachta ilnáisiúnta agus 561 bhabhta comhoibríthe le 442 fhiontar bheaga agus mheánmhéide. Gné thábhachtach de chumas na hÉireann chun Infheistíocht Dhíreach Choigríche a mhealladh is ea a chinntiú go mbeidh dearcadh dearfach ag an bpobal taighde domhanda agus ag tionscail idirnáisiúnta ar chumas taighde na hÉireann. Tá foirne taighde SFI ag cur le dea-cháil idirnáisiúnta na hÉireann tríd an nasc domhanda atá acu le 1,843 bhabhta comhoibríthe acadúla idirnáisiúnta i 57 dtír.

Tá sainordú ag SFI freisin chun an pobal a chur i mbun rannpháirtíochta leis an taighde eolaíoch agus tá sé ina sprioc aige, mar chuid dá straitéis, a chinntiú go bhfuil 'an pobal is rannpháirtí agus is eolaí ar bhonn eolaíoch' ag Éirinn. Tá an ghníomhaíocht sin, atá á reáchtáil trí Chlár Fionnachtana [Discover] SFI, dírithe ar deireadh ar a chinntiú go dtuigeann an pobal ról na heolaíochta sa tsochaí agus go bhfeiceann sé an luach a chuireann an eolaíocht leis an ngeilleagar agus lenár saol laethúil, agus é ag spreagadh daoine óga freisin chun tabhairt faoi na hábhair STEM.

Baineadh amach roinnt éachtaí suntasacha in 2014 i dtaobh rannpháirtíochta an phobail. D'agraigh Clár Fionnachtana SFI Seachtain na hEolaíochta 2014 i mí na Samhna agus d'fhreastail níos mó ná 250,000 duine ar bhreis is 800 imeacht ar fud na hÉireann i rith na seachtaine sin. In 2014, chuir Clár Fionnachtana SFI cistiú ar fáil do roinnt clár faoina dtacaítear le hoideachas STEM agus eanáil na for-rochtana in Éirinn agus trína ndéantar forbairt orthu. Ceadáíodh 73 thionscadal nua trína ndéanfar teagmháil dhíreach le lucht féachana breis is 3.2 milliún duine.

Seoladh an tionscnamh 'Todhchaí Chliste' [Smart Futures], plean nua trí bliana chun cur leis an éileamh ar an Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ábhair STEM) agus na hábhair sin a sheachadadh, in 2014. Tá sé ina chuspóir leis an straitéis uailmhianach nua sin méadú 10% a chur ar an éileamh ar na hábhair STEM ó mhic léinn ar an dara agus an tríú leibhéal faoi 2016. Tá 929 n-oibrí dheonacha san iomlán oilte faoin gclár go dtí seo, agus tugadh cuairt ar 427 scoil sa bhliain acadúil 2013/14, trína ndearnadh teagmháil le níos mó ná 13,000 dalta.



Shínigh an Cumann Ríoga agus SFI comhaontú stairiúil nua um chomhoibriú. An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann, an tUasal Dominick Chilcott, Ambasadóir na Breataine go hÉirinn agus an tOllamh Sir John Pethica, Leas-Uachtarán an Chumainn Ríoga agus Ollamh le Fisic i gColáiste na Tríonóide.

CÁS-
STAIDEAR

#4

Teicneolaíocht chun Feidhmíocht
Cheallraí a Dhúbailt do Thionscail
na bhFón Póca, na Ríomhairí Glúine
agus na gCarranna Leictreacha

Rinne taighdeoirí ag an Institiúid um Eolaíocht Ábhar agus Dromchla (MSSI), Ollscoil Luimnigh dul chun cinn suntasach i réimse theicneolaíocht na gceallraí in-athluchtaithe.

Tá luach foriomlán an mhargaidh le haghaidh teicneolaíocht na gceallraí in-athluchtaithe chun méadú ó \$11.8 billiún in 2010 go dtí \$53.7 billiún in 2020. Tá teicneolaíocht forbartha ag an bhfoireann taighde in Ollscoil Luimnigh lenar mó ná a dhúbailtear cumas anóidí ceallraí litiam-ian, ionas gur féidir leis na ceallraí an t-ardchumas sin a choinneáil fiú tar éis a luchtaithe agus a ndíluchtaithe níos mó ná 1,000 uair.

Mhínigh an príomhthaighdeoir, an Dr Kevin Ryan; “Táimid tar éis forbairt a dhéanamh ar anóid nua atá bunaithe ar nanashreang ghearmáiniam, ar féidir léi cur go mór le cumas agus saolré ceallraí litiam-ian. Is tábhachtach an fhionnachtain í sin don ríomhaireacht mhóibíleach agus do chúrsaí teileachumarsáide ach, ina dteannta sin, don mhargadh feithiclí leictreacha atá ag teacht chun cinn, agus fágann sí gur féidir ceallraí níos lú agus níos éadroime a úsáid a choinneoidh an luchtú tréimhse ama níos faide agus a choimeádfaidh an fheidhmíocht sin le linn shaolré an tairge.”

Tá sé cinntithe ag an bhfoireann taighde freisin go mbeidh an réiteach nanaitheicneolaíochta dá cuid inscálaithe, ar chostas íseal agus nach n-ídeoidh sé a lán fuinnimh, rud a fhágann go mbeidh an teicneolaíocht níos glaise agus níos inmhathana ó thaobh na tráchtála.

Bhí tacaíocht ag an taighde ó dhámhachtain SFI faoin gClár Príomhthaighdeora don Dr Kevin Ryan agus freisin ó chistiú AE tríd an Tionscadal GREENLION. Is éard atá sa tionscadal GREENLION tionscadal comhoibríoch mórscaála laistigh de chreat FP7 an bhfuil an sprioc aige ceallraí litiam-ian níos glaise agus níos saoire a mhonarú d’fheithiclí leictreacha.



An Dr Kevin Ryan, an Institiúid um Eolaíocht Ábhar agus Dromchla (MSSI), Ollscoil Luimnigh

Choimisiúnaigh SFI taighde freisin chun scrúdú a dhéanamh ar na tosca a imríonn tionchar ar chinntí daoine óga i leith an CAO.

Tá punann chothrom de chistiú taighde bunaithe ag SFI, ina bhfuil scéimeanna faoina dtacaítear leis an speictream taighde ó thaighde bunúsach go taighde feidhmeach sna réimsí a thagann faoinár sainchúram dlí; lárionaid mhóra a bhfuil tábhacht straitéiseach leo agus tograí imscrúdaitheora aonair; tacaíocht d’fhorbairt gairme uile taighdeoirí ó thaighdeoirí sóisearacha go taighdeoirí ardghradaim; babhtáí comhoibríthe náisiúnta agus idirnáisiúnta agus rannpháirtíocht phoiblí a spreagann leanaí agus a thacaíonn lena gcumas féideartha amach anseo.

Céard í an Chéad Chéim eile?

Agus muid ag coinneáil le cur chun feidhme ár bplean straitéisigh uailmhianaigh, Clár Oibre 2020, tá gearáil an chistithe phoiblí chun infheistíocht phríobháideach a mhealladh fós ina príomhthosaíocht don bhliain seo chugainn.

Beidh SFI ag leanúint ar aghaidh ag forbairt an dá cheann déag de Lárionaid Taighde SFI agus ag tabhairt tacaíochta dóibh.

Díreofar go háirithe freisin ar rannpháirtíocht fheabhsaithe leis an tionscal tríd an gclár Spokes, an clár Comhpháirtíochta Tionscail agus an clár Comhaltachta Tionscail de chuid SFI.

Leanfaidh SFI ar aghaidh ag cuidiú le taighdeoirí Éireannacha dul san iomaíocht le haghaidh cistiú seachtrach trí chlár ar nós Fís 2020, agus an cistiú sin a bhuanachan.

Beidh sé fós ina thosaíocht againn an tallann taighde idirnáisiúnta is fearr a mhealladh go hÉirinn, mar aon le tacú le taighdeoirí i luathbhlianta a gcuid gairmeacha.

Ó thaobh rannpháirtíochta an phobail, cloch mhíle is ea an bhliain 2015 don chlár Fionnachtana SFI, bliain ina mbeidh an 20ú Seachtain Eolaíochta Náisiúnta á ceiliúradh againn, agus tá sé beartaithe againn go mbeidh an t-imeacht sin ar an gceann is fearr go dtí seo.

Táimid ag tnúth le bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe, ar fud an rialtais agus i measc an lucht acadúil agus an lucht tionscail, chun na pleananna sin a chur chun feidhme agus tógáil ar an méid atá bainte amach againn go dtí seo.

An tOllamh Mark WJ Ferguson

Ard-Stiúrthóir SFI agus

Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann

An Bhliain faoi Athbhreithniú - 2014

Eanáir

- Shínigh an tUasal Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Aire Thuaisceart Éireann, an Dr Stephen Farry CTR, comhoibriú a chuirfidh ar chumas Ollscoil na Banríona agus Ollscoil Uladh páirt a ghlacadh mar chomhpháirtithe acadúla iomlána i gclár Imscrúdaitheoirí SFI, clár dea-bhunaithe a bhfuil ainm in airde air
- Ghlac SFI páirt i gComórtas agus Taispeántas BT an Eolaí Óig
- Seoladh Oifigiúil Lárionad na hÉireann um Chomhtháthú Fótóinice (IPIC) a chosain €30 milliún



An Dr Stephen Farry CTR, an tAire Fostaíochta agus Foghlama do Thuaisceart Éireann, an tUasal Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Nuala Kerr Uasal, an Roinn Fostaíochta agus Foghlama agus an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann.

Feabhra

- D'fhógair Pfizer agus SFI comhpháirtíocht príobháideach phoiblí
- Osclaíodh an chéad tsaoráid déantúsaíochta gascheall d'úsáid an duine de chuid na hÉireann in OÉ Gaillimh
- An tOllamh Eoin O'Reilly, Institiúid Náisiúnta Tyndall, a bhuaigh an duais iomráiteach Rank 2014 don Optaileictreonaic



An Dr William Finlay, Stiúrthóir um Theicneolaíochtaí Bith-theiripice Domhanda, Pfizer, an Dr Paul Duffy, Leas-Uachtarán, Pfizer, an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann, agus an tUasal Seán Sherlock, TD, iar-Aire Taighde agus Nuálaíochta.

Márta

- Chuir an tUachtarán Ó hUiginn fáilte roimh fhaighteoirí Dhámhachtain an Taighdeora Óig de chuid Uachtarán na hÉireann (PIYRA) ag Áras an Uachtarán
- Bhronn an Taoiseach, Enda Kenny TD, an chéad Bhonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig de chuid SFI ar an Dr Garret A FitzGerald
- Shínigh INFANT agus Waters Corporation comhpháirtíocht taighde a d'fhéadfadh beatha máithreacha torracha agus leanaí nuabhairthe a thabhairt slán



An tOllamh Carel le Roux, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, an tOllamh Valeria Nicolosi, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, an Dr Matthew Campbell, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann.

Aibreán

- Thug an tUachtarán Ó hUiginn cuairt ar Chumann Ríoga London chun naisc eolaíochta idir Éire agus an Ríocht Aontaithe a cheiliúradh mar chuid den chuairt stáit
- Dámhachtainí Imscrúdaitheora nua SFI fógartha
- D'fhógair SFI agus Cumann Ailse na hÉireann comhpháirtíocht a bhfuil sé ina aidhm léi tacú le bunú Lárionaid nua um Thaighde Comhoibríoch ar an Ailse (CCRC)



An Dr Joseph Roche, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, an Dr Michael John Gorman, Príomhfheidhmeannach Science Gallery International agus an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann.

Bealtaine

- Faigheann taighdeoirí in Ionad Cógasbhitheach an Bhia amach conas a dhéanann na baictéir sna putóga cumarsáid lena n-óstach chun sainrialú a dhéanamh ar mhéadú meáchain agus ar leibhéil an cholaistéaróil séirim
- Tugann an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir an SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann aitheasc ag an gComhdháil Future in Review (FiRE) i gCalifornia



An Dr Susan Joyce agus an Dr Cormac Gahan, Ionad Cógasbhitheach an Bhia (APC), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Meitheamh

- Fuair níos mó ná 500 Bunscoil in Éirinn gradaim don Fheabhas san Eolaíocht agus sa Mhatamaitic
- 20 comhpháirtíocht nua idir lucht tionscail agus lucht acadúil fógartha trí Chlár Comhaltachta Tionscail SFI
- Shínigh an Cumann Ríoga agus SFI comhaontú stairiúil nua um chomhoibriú
- D'fhógair AMBER comhpháirtíocht straitéiseach nua le Bell Labs with Bell Labs



Páistí ó Scoil John Scottus, Bóthar Northumberland leis an Uasal Seán Sherlock TD, iar-Aire Taighde agus Nuálaíochta agus an Dr Ruth Freeman, Stiúrthóir Straitéise agus Cumarsáide, SFI.

The Year in Review - 2014

Túil

- Fógraíodh Chlár Ollúnachta Taighde Spriocdhírthe de chuid SFI chun tallann taighde idirnáisiúnta a mhealladh chuig ollscoileanna Éireannacha
- Sheol an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tUasal Brendan Howlin TD, tionscnamh Sonraí Oscailte a d'fhorbair INSIGHT
- €23 mhilliún i gcistiú nua fógartha trí Dheontas Taighde Imscrúdaitheora Tosaigh (SIRG) SFI agus an Dámhachtain um Fhorbairt Gairme (CDA) dá chuid (SIRG) and Career Development Award (CDA) Programmes



An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann, an tUasal Richard Bruton, TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, agus an tOllamh Vinny Cahill, Déan Taighde, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Lúnasa

- Faoi thionscadal taighde faoi stiúir an Ollaimh Noel Caplice in UCC le comhoibríthe sa Mayo Clinic, SAM, forbraíodh gléas nua chun cabhrú cur in aghaidh galar corónach
- Chruthaigh taighdeoirí AMBER braiteoirí inchaite agus iad ag baint úsáide as bandaí rubair
- Shainaithin taighdeoirí as OÉ Gaillimh einsím a bhfuil ról lárnach aici maidir le scaipeadh agus marthanas cealla ailse fola



An tOllamh Noel Caplice, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Meán Fómhair

- Is é an tOllamh Shane O'Mara an chéad eolaí riamh atá bunaithe in Éirinn ar bronnadh Gradam Imscrúdaitheora Shinsearaigh air, faoi gComhpháirtíocht Bhithleigheis idir SFI, HRB agus Wellcome Trust
- Bhuaigh an Dr Manus Biggs, NFB, OÉ Gaillimh, Gradam Imscrúdaitheora Óig Larry Hench
- > D'fhoilsigh taighdeoirí in OÉ Gaillimh taighde ina ndearnadh cur síos ar an úsáid is féidir a bhaint as gaschealla daoine fásta sa troid in aghaidh diúltú trasphlandú coirne
- > D'fhorbair taighdeoirí as UCC paiste bunaithe ar mhicreashnáthaidí a chuireann leis an gcosaint vacsaíne in aghaidh ionfhabhtaithe maláire



An tOllamh Shane O'Mara, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Fómhair

Deireadh

- Grúpa nua um Thograí Taighde Straitéisigh bunaithe faoi Fhís 2020 chun deiseanna cistiúcháin ar scála mór a aithint d'Éirinn
- An tOllamh Des Higgins, UCD, a bhí i liosta na hirise Nature de na 10 bhfoilseachán is minice a luadh riamh
- Infheistíocht €245 mhilliún fógartha i gcúig Lárionad Taighde den Scoth de chuid SFI
- Aimsíonn taighdeoir as Ollscoil Luimnigh réiteach ar mhórdhúshlán eolaíochta lena gcuirtear deiseanna ar fáil maidir le huirlisí meardhiagnósice



An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann, an tUasal Damien English TD, an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta.

Samhain

- Ghlac 250,000 duine páirt i Seachtain na hEolaíochta 2014, 'Cumhacht na hEolaíochta'
- Fógraíodh gurb é an tOllamh Barry Smyth as UCD Taighdeoir SFI na bliana 2014
- > Cheap UCD an tOllamh Robert Bogdan Staszewski, taighdeoir innealtóireachta a bhfuil cáil dhomhanda air. Bronnadh Clár Ollúnacht Taighde SFI ar fiú €5 mhilliún é ar an Ollamh Staszewski
- > Sheol Jan O'Sullivan Uasal, TD, an tAire Oideachais agus Scileanna, Oilimpiad Teangeolaíochta Uile-Éireann
- > D'óstáil CNGL Engaging Content, Engaging People inar taispeánadh nuálaíochtaí i dtaobh ábhar digiteach
- > Bronnadh Duais Nature 2014 ar thriúr eolaithe Éireannacha as ucht Meantóireachta san Eolaíocht ag Cruinniú Mullaigh Eolaíochta SFI 2014



An tUasal Damien English TD, an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta, an tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann agus Evan agus Cara Joyce.

Nollaig

- Freastalaíonn an tUachtarán Ó hUiginn ar imeacht i mBéising chun naisc eolaíochta idir Éire agus an tSín a cheiliúradh. Síntear comhaontú um chomhoibriú idir SFI agus Fondúireachta Eolaíochta Nádúrtha Náisiúnta na Síne
- Fuair cúigear taighdeoirí cistiú faoin gclár Dámhachtainí Nuálaíochta sa Bhith-theiripic de chuid SFI agus Pfizer
- > Fógraíodh tionscadal taighde nua in UCC maidir leis an Atmaisféar Domhanda agus Athrú Aeráide trí Chlár Comhpháirtíochta Straitéisí SFI
- > D'fhreastail 2,000 duine, idir fhiontraihte, lucht tionscail agus thaighdeoirí, ar an gcéad Taispeántas Náisiúnta Nuálaíochta i mBaile Átha Cliath



An tOllamh Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann, Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn, Uachtarán Dhaon-Phoblacht na Síne, Xí Jinping agus an tOllamh Yang Wei, Uachtarán Fhondúireachta Eolaíochta Nádúrtha Náisiúnta na Síne (NSFC).

Forbhreathnú

Le linn 2014, choinnigh SFI le feidhmiú a phlean straitéisigh – Clár Oibre 2020, agus é ina aidhm aige a chinntiú go mbíonn tionchar dearfach ag infheistíocht an Stáit sa taighde eolaíoch ar gheilleagar agus sochaí na hÉireann.

Tapáidh roinnt deiseanna in 2014:

- ▶ rinneadh gearáil ar infheistíocht an Stáit trí chomhpháirtíochtaí móra a bhunú le lucht tionscail, eagraíochtaí carthanais agus comhlachtaí cistiúcháin náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- ▶ bunaíodh na cúig Lárionad Taighde nua de chuid SFI ar chostas €155 milliún thar thréimhse cúig bliana, a meaitseáladh le hairgead agus gealltanais comhchineáil €90 milliún ó lucht tionscail;
- ▶ tugadh tacaíocht agus forbairt leanúnach do thaighdeoirí den scoth i mblianta luatha a ngairmeacha le leithdháileadh €23 milliún do 41 taighdeoir luathghairme tríd Dheontas Taighde SFI d'Imscrúdaitheoir Tosaigh (SIRG) agus an Dámhachtain um Fhorbairt Gairme (CDA);
- ▶ tugadh faoi roinnt tionscnamh chun spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do phobal taighde SFI maidir leis an oiread cistithe ab fhéidir a tharraingt anuas faoi Fhís 2020;
- ▶ reachtáladh Seachtain na hEolaíochta, togra náisiúnta trína ndéantar teagmháil le níos mó ná 250,000 duine gach bliain trí mheán níos mó ná 800 imeacht arna reáchtáil ag an iliomad seaimpíní eolaíochta, teicneolaíochta agus innealtóireachta, agus grúpaí oideachais agus grúpaí pobail amhail leabharlanna, comhairlí cathrach agus comhairlí contae, in iarracht chomhphárteach chun feabhas a chur ar an aitheantas ar an luach atá ag an eolaíocht agus an teicneolaíocht inár sochaí;
- ▶ Todhchaí Chliste: clár rialtais agus tionscail arna chomhordú ar bhonn náisiúnta a thugann dúshlán na steiréitíopaí a stopann daoine óga ó shlite beatha san eolaíocht a roghnú. In 2014 shroich an clár níos mó ná 26,000 iarbhunscail trí obair dheonach.



SFI awards directly supported 2,029 scientific publications

Eolaíocht den Scoth

Trí infheistíocht a dhéanamh sa taighde eolaíoch agus sa taighde innealtóireachta, tá Éire tar éis a háit a dhaingniú sa rangú idirnáisiúnta ar chumas taighde eolaíoch le blianta beaga anuas. Tá Éire anois sna 20 Tír is Fearr ar Domhan as ucht chaighdeán ár dtaighde eolaíoch, agus muid tagtha chun cinn go dtí an 16ú háit in 2014. Tá Éire sa chéad áit ar domhan le haghaidh a cuid taighde sa Naineolaíocht, sa dara háit sa Ríomheolaíocht agus san Imdhíoneolaíocht, sa tríú háit i dtaobh Eolaíocht Ainmhithe agus Déiríochta agus sa chúigiú háit maidir le hEolaíocht na nÁbhar.

Tá taighdeoirí SFI ag déanamh cion mór maidir leis an éacht sin a bhaint amach. Thuairiscigh taighdeoirí 3,925 fhoilseachán san iomlán in 2014. Astu sin, cuireadh 2029 bhfoilseachán i leith dámhachtainí gníomhacha de chuid SFI.

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil 45% de na foilseacháin ó dhámhachtainí gníomhacha SFI a bhfuil comhúdar neamh-Éireannach acu agus 8% díobh a bhfuil comhúdar ón lucht tionscail acu.

Rangú Tíre (Thomson Reuters)

Liostaithe de réir líon na Lua in aghaidh an Pháipéir

1	AN EILVÉIS
2	ALBAIN
3	AN ÍSILTÍR
4	AN DANMHAIRG
5	SAM
6	SASANA
7	AN tSUALAINN
8	AN BHEILG
9	AN GHEARMÁIN
10	AN BHREATAIN BHEAG
11	CEANADA
12	AN OSTAIR
13	AN FHIONLAINN
14	AN IORUA
15	AN FHRAINIC
16	ÉIRE
17	TUAISCEART ÉIREANN
18	AN IODÁIL
19	AN ASTRÁIL
20	SINGEAPÓR

GNÓTHACHTAIN 4
HÁIT
AR 2014

Foinse: Essential Science IndicatorsSM from Thomson Reuters

CÁS- STAIIDÉAR #5

An tUasal Brendan Howlin TD, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.



Sheol an tAire Howlin Tairseach Náisiúnta Sonraí Oscailte na hÉireann

Forbraíodh Tairseach náisiúnta na hÉireann um Shonraí Oscailte ag Lárionad Insight um Anailísíocht Sonraí, OÉ Gaillimh.

Tá Sonraí Oscailte ina ngné lárnach den chéad Phlean Gníomhaíochta náisiúnta de chuid na hÉireann um Chomhpháirtíocht Rialtais Oscailte, a fhoilseofar agus a chuirfear chuig an gCoiste Stiúrtha um Chomhpháirtíocht Rialtais Oscailte nuair a bheidh sé ceadaithe ag an Rialtas, chun éascú do bhallaíocht iomlán na hÉireann sa Chomhpháirtíocht. Coimisiúnaíodh Insight chun an taighde sin a dhéanamh d'fhonn na bloic thógála bhunúsacha a fhorbairt le haghaidh straitéis náisiúnta Sonraí Oscailte.

Ag labhairt dó ag seoladh na tairse i mí Iúil 2014, dúirt an tUasal Brendan Howlin TD, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe: “Tugann Sonraí Oscailte an-spreagadh dom. Tá sé léirithe i staidéir gur féidir leis a bheith ina thoradh ar shonraí neamhphearsanta oifigiúla a fhoilsiú i bhformáid oscailte go spreagtar cinnteoireacht níos éifeachtaí agus soláthar seirbhíse níos éifeachtúla, go dtugann borradh faoin bhforás geilleagrach, agus go dtugtar an chumhacht do shaoránaigh chun ról gníomhach a ghlacadh maidir le feabhas a chur ar a bpobail féin.”

Bhí an méid seo le rá ag an Ollamh Stefan Decker, Stiúrthóir an Lárionaid Insight in OÉ Gaillimh: “Tá an Treochlár agus an Tairseach Sonraí Oscailte atá forbartha ag Insight in OÉ Gaillimh ina shampla iontach de thorthaí taighde agus saineolas arna gcistiú ag SFI agus Fiontraíocht Éireann a bheith á ngiaráil chun leas na sochaí. In éineacht leis an tsochaí shibhialta, táimid in ann cion a dhéanamh ar mhaithe le hÉirinn trí úsáid sócmhainní sonraí poiblí a chumasú ar mhaithe leis an ngeilleagar agus an tsochaí.”


Rannpháirtíocht leis an Lucht Tionscail

Tá an comhoibriú leis an tionscal fós ar cheann de na príomh-mheicníochtaí le haghaidh sochair na hinfheistíochta poiblí sa taighde a aistriú ina bhforbairt gheilleagrach inbhuanaithe, trína gcruthaítear buntáiste iomaíoch d'Éirinn. Tá fócas láidir ag clár agus tionscnaimh SFI ar thimpeallacht comhoibrítheach a chruthú agus a spreagadh idir na taighdeoirí a dtacaíonn SFI leo agus lucht tionscail sa bhaile agus thar lear. In 2014, thug dámhachtainí SFI tacaíocht dhíreach do bhreis is 1,200 babhta comhoibríthe le lucht tionscail – ba iad príomhchúiseanna an chomhoibríthe sin dar le taighdeoirí SFI ná iad seo a leanas: foghlaim faoi agus/nó tástáil ar an gcumas atá ag smaointe agus roghanna le haghaidh treoracha féideartha nua maidir le Taighde agus Forbairt, agus síneadh solúbtha, costéifeachtach a chur ar fáil maidir le hacmhainní Taighde agus Forbartha (saineolas, trealamh, áiseanna) atá ar fáil don eagraíocht. I gcás níos mó ná leath de na babhtaí comhoibríthe sin le lucht tionscail (57%), tá comhaontú dlí i bhfeidhm.

Áirítear faoi láthair leis na haschuir réamhthráchtála ó thaighdeoirí arna gcistiú ag SFI agus arna gcur i leith dhámhachtainí SFI:

- ▶ 1 mhac-chuideachta amháin
- ▶ 18 gcomhaontú ceadúnais
- ▶ 31 phaitinn comhdaithe
- ▶ 13 phaitinn bronnta
- ▶ 5 chaighdeán curtha ar fáil
- ▶ 82 nochtadh aireagáin

Babhtaí Comhoibríthe leis an Tionscal de réir Tíre



Lárionaid Taighde SFI

Tá ról lárnach ag na Lárionaid Taighde de chuid SFI i bplean uailmhianach SFI faoi Chlár Oibre 2020.

Tá **€355 million** tiomanta ag SFI do na lárionaid chun tacú le taighde sármaith ar mhórsála, a mbeidh tionchar aige.

Tá **12** lárionad taighde cheannródaíocha ag SFI anois ar fud na tíre.

Beidh na lárionaid ag obair le níos mó ná **200** comhpháirtí tionscail.

Réamh-mheastar go gcuirfidh lucht tionscail tuairim is **€190 million** ar fáil thar na sé bliana atá amach romhainn do na lárionaid sin chun taighde ceannródaíoch den chéad scoth a dhéanamh.

Tá sé ina phríomhchuspóir ag an gClár Oibre 2020 de chuid SFI tacar lárionad taighde ar mhórsála, den scoth a fhorbairt a mbeidh mórtionchar geilleagrach acu ar Éirinn. I Lárionaid Taighde SFI, bunaítear comhpháirtíochtaí idir eolaithe agus innealtóirí ón réimse acadúil agus an réimse tionscail chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna taighde ríthábhachtacha; forbairt cuideachtaí teicneolaíochta Éireannacha nua agus cinn atá anseo cheana a chothú; lucht tionscail a mhealladh a d'fhéadfadh cur go mór le hÉirinn agus lena geilleagar; agus leathnú a dhéanamh ar dheiseanna oideachais agus gairme in Éirinn san eolaíocht agus san innealtóireacht.

Tá dhá cheann déag de Lárionaid Taighde SFI bunaithe trí infheistíocht €355 mhilliún ón Rialtas trí mheán SFI agus €190 eile ó lucht comhoibríthe sa tionscal. Tá níos mó ná 200 cuideachta páirteach i mabhtaí comhoibríthe leis na lárionaid. Tar éis athbhreithniú mór um shármhaitheas agus tionchar eolaíochta, bunaíodh na chéad seacht lárionad in 2013. Ceadáíodh cúig lárionad eile in 2014 agus tosaíodh i mbun oibríochtaí iontu go luath in 2015.

Tá na 12 Lárionad Taighde sin de chuid SFI dírithe ar réimsí straitéiseacha a mbaineann tábhachtach leo d'Éirinn agus tá siad dírithe ar shármhaitheas eolaíochta a sheachadadh a imreoidh tionchar ar an ngeilleagar agus ar an tsochaí - Cógaisíocht, Olltíomsú Sonraí, Feistí Leighis, Nanaitheicneolaíocht/Ábhair, Fuinneamh Mara In-athnuaite, Bia Sláinte/Bianna Feidhme, Taighde Imbhreithe, Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha, Bogearraí, Ábhar Digiteach, agus Teileachumarsáid.

Bogearraí
Cógaisíocht
Nanaitheicneolaíocht
Feistí Leighis
Geo-eolaíochtaí Feidhmeacha
Ábhar Digiteach
Tiomantas
€190 milliún
don tionscal
Teileachumarsáid
TAIGHDE Fuinneamh
IMBHREITHE Nanábhair
Bianna Feidhmiúla
Bia na Sláinte
OLLTIOMSÚ
SONRAÍ
Fuinneamh
In-athnuaite
Muirí

€355
mhilliún
ó SFI

Ionaid Taighde SFI



ADAPT - Ionad Taighde um Ardán Inneachair Dhigitigh

- ▶ Cuireann nascacht dhigiteach dhomhanda ar chumas fiontar, pobal agus daoine faisnéis a roinnt agus cumarsáid a dhéanamh ar fud an domhain ag luas dochreidte, i méideanna ollmhóra, i dteangacha na cruinne, le pearsanú uathoibríoch, trí úsáid a bhaint as líon níos mó gléasanna ná riamh.
- ▶ Is éard a bheidh mar thoradh ar thaighde Adapt an bealach a dhéanann fiontair, pobail agus daoine ar fud an domhain cumarsáid fhíor-ama lena chéile a athrú ó bhonn.
- ▶ Cuirfidh ADAPT le héifeachtúlachtaí agus tionchar domhanda comhpháirtithe tionscail i bpríomhearnálacha tosaíochta in Éirinn, lena n-áirítear TFC, logánú, seirbhís airgeadais, r-Thráchtáil agus earnálacha eile nach iad.

Comhpháirtithe tionscail: Acrolinx, AOL, Cisco, Commetric, eBay, FBD, Huawei, iFlyTek, Intel, Microsoft, Moravia, Novartis, PayPal, Sajan, Symantec, VistaTec, Welocalize, Xanadu Consultancy, Xcelerator Machine Translations

Comhpháirtithe Acadúla: TColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

www.adapt.ie

Ionad Taighde um Ardábhair agus Bithinnealtóireachta (AMBER)

- ▶ Gléasanna leictreonacha nana-scála feabhsaithe do phróiseáil sonraí agus feidhmchláir chuimhne a fhorbairt.
- ▶ Ábhair nua le tacú le nuálaíocht i bhfeistí leighis agus córais seachadta, ionchlannáin bunaithe ar theiripí nuíosacha, agus innealtóireacht athghiniúnach fíochán.
- ▶ Ábháir agus próiseáil nuíosach do tháirgí nua i réimsí cosúil leis an tionscal buidéalaithe, grianfhuinneamh, feistí leighis, diagnóisic mhíochaine, agus scagachán ceimiceach agus bithleolaíoch.
- ▶ Cógais agus pacáistíocht nuíosach chun dáileadh cógaisíochta a fheabhsú.

Comhpháirtithe tionscail: Adama Innovations, Amatech, Amebis Ltd, Bell Labs Alcatel-Lucent, Bioplastech, Cellulac Ireland, DePuy Synthes, Eblana Photonics, Innalabs, Innovative Polymer, Compounds (IPC) Ltd, Intel, Medtronic, Merck Millipore, Mergon Group, Proxy Biomedical, SABMiller Plc, Sigmoid Pharma, Solvotrin Therapeutics, Thomas Swan & Co Ltd, Velox, Western Digital

Comhpháirtithe Acadúla: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

www.ambercentre.ie

Ionad Cógasbhitheach an Bhia (APC)



- ▶ Micreaflóra na stéige agus stádas sláinte
- ▶ Baictéir a chuireann an tsláinte chun cinn agus comhábhair bhia le húsáid i 'mbianna feidhmiúla' chun sláinte a fheabhsú
- ▶ Bithghníomhaigh nuíosacha chun galair stéigeacha agus ionfhabhtaíochta a chóireáil
- ▶ Ceisteanna sochaíochta: cosc galar, cognaíocht fheabhsaithe agus aosú sláintiúil.

Comhpháirtithe tionscail: Alimentary Health, Cremo SA, Danone, Friesland Campina, GE Healthcare, General Mills, Janssen Pharmaceuticals, Kerry Foods, Mead Johnson Nutrition, Nutricia Advanced Medical Nutrition, Second Genome, Sigmoid Pharma, Suntory Wellness, Trino Therapeutics

Comhpháirtithe Acadúla: Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Teagasc, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

www.ucc.ie/research/apc



CONNECT

- ▶ Éilíonn na príomhdhúshláin a bheidh le sárú ag an tsochaí seirbhísí líonraithe nua agus éagsúla. I measc na seirbhísí seo tá Idirlíon móibíleach, sláinte nasctha, talmhaíocht chliste, eangacha agus méadrú cliste, agus seirbhísí monatóireachta comhshaoil.
- ▶ Tá an tIonad CONNECT dírithe ar na líonraí leathanbhanda, ceallacha agus Idirlíon na nEarraí a bheidh ann amach ar a mbeidh cumasú na seirbhísí uile ag brath; ar an tslí sin, ag tacú le forbairt an gheilleagair agus leis an tsochaí trí chéile.

Comhpháirtithe tionscail: Alcatel-Lucent, Analog Devices, Arris, Benetel, BskyB, CISCO, Decawave, Digicel, EMC, Ericsson, ESB, Google, Huawei, IBM, InnaLabs, Intel, JCI, MA-COM, Movidius, Natcom Nonlinear Systems, NXP, ON Semiconductor, Qualcomm, Rambus, RCNx, Real Wireless, Rohde & Schwartz, S3, Scorpion Networks, Skyware, Socowave, Synopsis, Taoglas, UTRC, Xilinx

Comhpháirtithe Acadúla: Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath, Ollscoil Mhá Nuad, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Luimnigh, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, Institiúid Náisiúnta Tyndall

www.connectcentre.ie



CÚRAM - An tIonad um Thaighde i bhFeistí Leighis

- ▶ De réir mar atá daonra an domhain ag dul in aois, meastar go mbeidh duine amháin as gach triúr os cionn 65 faoi 2050, agus táthar ag súil go méadóidh an t-ualach airgeadais a bheidh luaithe le cúram sláinte.
- ▶ Tá CÚRAM i mbun taighde a bhfuil sé mar aidhm leis torthaí sláinte feabhsaithe a chinntiú d'othair trí fheistí leighis nuálacha ionchlannáin 'cliste' a fhorbairt chun mórriachtanais leighis gan chomhlíonadh a chóireáil.
- ▶ Cinnteoidh an taighde seo go mbeidh Éire ina ceannródaí i dteicneolaíochtaí feistí leighis a fhorbairt, teicneolaíochtaí a sholáthróidh réitigh inacmhainne thrasfhoirmeacha do ghalair ainsealacha.

Comhpháirtithe tionscail: 35 comhpháirtí tionscail lena n-áirítear Aerogen, Arch Therapeutics, Boston Scientific, Cook Medical, Medical Energetics, Mylan Inc, Starletderma

Comhpháirtithe Acadúla: OÉ Gaillimh, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Luimnigh, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

www.curamdevices.ie



iCRAG - Ionad um Thaighde i nGeo-eolaíochtaí Feidhmeacha na hÉireann

- ▶ Tá geo-eolaíocht ag tacú le fionnachtain amhábhbar, uisce agus acmhainní fuinnimh atá fíorthábhachtach i gcomhthéacs gheilleagar na cruinne.
- ▶ Is in Éirinn atá an mianach since is mó san Eoraip, acmhainní neamh-úsáidte hidreacarbóin chun déileáil le timpeallachtaí domhain an Atlantaigh Thoir Thuaidh, agus creat éagsúil geolaíoch a bhfuil acmhainní tábhachtacha neamh-úsáidte grinnill agus screamhuisce ann.
- ▶ Tabharfar faoi thaighde in ionad iCRAG a bheidh dírithe ar na hacmhainní seo a aimsiú agus a úsáid agus san am céanna an timpeallacht a chosaint.

Comhpháirtithe tionscail: AGEC, APEX, Atlantic Petroleum, AWN Consulting, Boliden, BRG Ltd, Byrne Looby Partners, Cairn Energy, Chevron Corporation, Coastway Surveys, David Ball Associates, Europa Oil and Gas, Eurostone, ExxonMobil, FLI Group, GDG Geo Solutions, Geoscience Ireland, Geoserv, Homebond, Husky Energy, IGSL, International Lithium Corporation, Irish Drilling Ltd, JB Barry & Partners Ltd, Kosmos Energy, Maersk Oil, Meehan Drilling, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Nicholas O'Dwyer, PIPCO ENI, Priority Drilling, Priority Geotechnical, Providence Resources, Quarry and Mining Equipment Ltd (QME), Repsol

Exploration, San Leon Energy, Serica Energy, Shell, SLR Consulting, Sorhill Advocates Pty Ltd, Sosina Exploration Ltd, SRK Consulting, Tobin Consulting Engineers, Trevali Mining Corporation, Tullow Oil, Verde Environmental Group, Woodside Energy

Comhpháirtithe Acadúla: An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, OÉ Gaillimh, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil Mhá Nuad, Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath, Teagasc, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

www.icrag-centre.org

Institiúid um Thaighde Aistritheach Féatais agus Nua-naíoch (INFANT)



- ▶ Taighde imbheirthe
- ▶ Scagthástail agus tástálacha diagnóiseacha nuíosacha
- ▶ Modhanna nuíosacha chun toircheas agus naíonáin nuabheirthe a mhonatóiriú

Comhpháirtithe tionscail: Alere, Axxam, BioScreen Health, BrepCo Pharmaceutical, Crème Global, Danone Nutricia, Fresenius-Kabi, IBM, Incereb, Inspiration Healthcare, Kvikna, Laya Healthcare, Mead Johnson Nutrition, MedSciNet, Metabolomic Diagnostics, Newsweaver, Nihon Kohden, Waters Corporation

Comhpháirtithe acadúla: Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn

www.infantcentre.ie

An tIonad um Anailísíocht Sonraí (Insight)



- ▶ Sláinte nasctha
- ▶ Meaisínfhoghlaim agus mianadóireacht sonraí
- ▶ Anailísíocht agus optamú meán
- ▶ Teicneolaíochtaí optamaithe agus anailísíocht cinnidh
- ▶ Líonra séimeantach, sonraí nasctha, agus an gréasán braiteoirí
- ▶ Teicneolaíochtaí agus dúshláin anailísíocht sonraí

Comhpháirtithe tionscail: Avaya, Cisco, Elsevier, Flashpoint, HP, Cumann Rugbaí na hÉireann, Microsoft Ireland, NitroSell, Performance Tracking Solutions, RTÉ, Shimmer Research, The Irish Times

Comhpháirtithe acadúla: An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, OÉ Gaillimh, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil Mhá Nuad, Acadamh Ríoga na hÉireann, Institiúid Náisiúnta Tyndall, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

www.insight-centre.org

Ionad Taighde um Chomhtháthú



Fótónaice na hÉireann (I-PIC)

Feistí Fótónaice agus Straitéisí Comhtháthaithe Córas d'fheidhmchláir cosúil le:

- ▶ Diagnóisic Pointe Cúraim
- ▶ Ardlíonraí teileachumarsáide
- ▶ Anailís Ceall agus Fíochán

Comhpháirtithe tionscail: *BBritish Telecom, Compact Imaging Ltd, Eblana, Epi-light Ltd, FazTech, Firecomms, InfiniLED, Intel, Lake Region Medical, Luxcel Biosciences, M/A-COM, Pilot Photonics, Radisens Diagnostics, Seagate, Somex, Stryker, X-Celeprint, Xilinx*

Comhpháirtithe acadúla: *Institiúid Náisiúnta Tyndall, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile Corcaigh*

www.ipic.ie



LERO - Ionad Taighde Bogearraí na hÉireann

- ▶ Tá bogearraí i ngach earnáil lena n-áirítear príomh-earnálacha tionsclaíoch na hÉireann - déantúsaíocht, feistí leighis, seirbhísí airgeadais, néalríomhaireacht, anailísíocht, agus tá cathracha cliste ag brath ar úsáid a bhaint as bogearraí.
- ▶ Is é misean taighde LERO an méid céanna ratha a bhaint amach is atá á bhaint amach ag innealtóireacht thraidisiúnta bogearraí i gcomhthéacs córas mórcála, forleatach, comhtháite go fisiciúil, ard-idirnasctha, éabhlóideach, agus ar fáil go leanúnach, comhthéacs ina bhfuil an bhearna idir am dearaidh agus am rite ag laghdú.

Comhpháirtithe tionscail: *ACI Worldwide, Ada Security Systems, Aerogen, Allstate Insurance (NI), Almir Business Ltd, Bluebridge Technologies Ltd, Comfort Keepers, dabl Health, Dell, DMF Systems, Drop Technology, Ericsson, Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, Fijowave, Hermitage Medical Clinic, Hewlett Packard Company, IBM, Information Mosaic, Intel, Kugler Maag, Lumension, Microsoft, Movidius, Novartis, Ocuco Ltd, Portable Medical Technology, ProDevelop, QAD, RedMed, Rigney Dolphin, Group, S2 Grupo, S3 Group, Software Quality Systems, Storm Technology, Two-Ten Health, TXT Group, United Technologies Research Centre, Vitalograph, Volkswagen, Vu2Vu, Zimory*

Comhpháirtithe acadúla: *Ollscoil Luimnigh, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan, OÉ Gaillimh, Ollscoil Mhá Nuad, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath*

www.lero.ie

Marine Renewable Energy Ireland (MaREI)



- ▶ Feistí fuinneamh in-athnuaite muirí
- ▶ Ábhair nuíosacha do chórais fuinneamh in-athnuaite muirí
- ▶ Éirí cumhachta agus stóráil fuinnimh do chórais fuinneamh in-athnuaite muirí
- ▶ Tacaíocht cinntí agus bainistíocht sonraí fuinneamh in-athnuaite muirí

Comhpháirtithe tionscail: *A: Analog Devices, Aquafact International Services, Automsoft International, B9 Power, Bri Toinne, CAPACITÉ, Coimisinéirí Soilse na hÉireann, DePuy Synthes, DP Energy Ireland, ÉireComposites, Bord Soláthair an Leictreachais, Enerco Energy, Ervia, GKinetic Energy, GRSI Energy, Johns Manville, Kosmos Energy Ireland, MAFIC Black Basalt, Marine Harvest Ireland, Marsh Technology, Mymic Global, Pure Marine Gen, RealSim, Resolve Marine, Shannon Foynes Port Company, Shell E&P Ireland, SkySails, SonarSm, Technology from Ideas, Techworks Marine, Teledyne Blueview, Teledyne Reson, Wave Energy Conversion Corporation of America*

Comhpháirtithe acadúla: *Coláiste na hOllscoile Corcaigh, Ollscoil Luimnigh, OÉ Gaillimh, Ollscoil Mhá Nuad, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí*

www.marei.ie

Ionad um Shintéis & Chógaisíocht Soladstaide (SSPC)



- ▶ Teorainneacha nua i sintéis chógaseolaíoch
- ▶ Forbairt agus dearadh criostail
- ▶ Foirmlíú agus déantúsaíocht táirgí drugaí

Comhpháirtithe tionscail: *Abbvie, Alkermes, Allergan, Amebis, APC Limited, Biomarin, Bristol Myers Squibb, Clarochem Ireland, Eirgen Pharma, Eli Lilly, FMC, Genzyme: A Sanofi Company, Glantreo, GlaxoSmithKline, Innopharma Labs, Janssen, Merck Sharp & Dohme, Novartis, Pfizer Inc, Roche, Scale-Up Systems, UCB Pharma*

Comhpháirtithe acadúla: *Ollscoil Luimnigh, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, OÉ Gaillimh, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, an Institiúid Náisiúnta um Thaighde agus Oiliúint Bithphróiseála*

www.ul.ie/sspc



Tá tacú le bonn taighde atá iomaíoch go hidirnáisiúnta, mar aon le hoiliúint a chur ar thaighdeoirí ardoilte (céimithe PhD), ag croílár na dtionscnamh a bhfuil SFI ag tacú leo. I rith 2014, thug SFI tacaíocht dhíreach do thart ar 2,800 duine atá i mbun taighde in Éirinn.

Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha a Fhorbairt

Tá SFI tiomanta a hinfheistíocht agus a cumas a ghiarail a mhéid agus is féidir trí chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus comhoibriú leo. Tá sé mar aidhm ag SFI aonáin a bhféadfadh an poitéinseal a bheith leo éifeachtaí iolraitheora a chruthú a d'fhéadfadh cur le seachadadh a cuspóirí, a aithint agus a spriocdhírú go straitéiseach.

Bliain thábhachtach chomh fada is a bhain le príomh-chomhpháirtíochtaí a fhorbairt ba ea 2014 d'fhonn a chinntiú go mbíonn an toradh is fearr agus is féidir ar infheistíocht Stáit á soláthar ag SFI.

- ▶ Bunaíodh comhaontú comhoibríthe taighde Thuaidh/Theas idir SFI agus Roinn Fostaíochta agus Foghlama Thuaisceart Éireann (DELNI) a thabharfaidh deis do thaighdeoirí ó Ollscoil na Banríona agus Ollscoil Uladh páirt a ghlacadh, den chéad uair, mar chomhpháirtithe acadúla lánaimseartha, i gClár Taighdeoirí SFI, clár atá á mhaoiniú ag DELNI.
- ▶ Bunaíodh Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí uathúil idir SFI agus Pfizer, comhpháirtíocht a bhfuil sé mar aidhm léi tacú le forbairtí nua bith-theiripeacha trí chomhpháirtíocht acadúil-thionsclaíoch.
- ▶ Shínigh an Cumann Ríoga agus SFI comhaontú comhoibríochta nua stairiúil a sholáthróidh deis uathúil do na heolaithe óga is fearr agus is éirimiúla in Éirinn glacadh le comhaltacht taighde mór le rá ón gCumann Ríoga i dteannta leis na thaighdeoirí luathghairme is fearr ón Ríocht Aontaithe.
- ▶ Chomhaontaigh SFI agus Cumann Ailse na hÉireann ar chomhpháirtíocht chun Ionad Taighde Ailse ceannródaíoch a mhaoiniú a chabhróidh lenár dtuiscint ar ailse a fhorbairt agus le cur chuige nua i ndáil le cóireáil a fhorbairt.
- ▶ Tá dhá ghradam bronnta cheana féin ar thaighdeoirí bunaithe in Éirinn trí Chomhpháirtíocht SFI-HRB-Wellcome.
 - Fógraíodh gurb é an tOllamh Shane O'Mara an chéad taighdeoir riamh bunaithe in Éirinn ar bronnadh Gradam Príomhthaighdeora air faoi Chomhpháirtíocht Taighde Bithleighis SFI-HRB-Wellcome Trust; bronnadh €1.2

milliún air chun taighde a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn idirghníomhaíochtaí idir limistéir éagsúla den inchinn le gnáthchuidimhne.

- Tá Comhaltacht Iardhochtúireachta Sior Henry Wellcome, ar fiú €300,000 thar cheithre bliain í, bronnta ar an Dr Colm J. Ryan le bheith ag obair i Systems Biology Ireland (SBI) sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is é an Dr Ryan an chéad duine ar bronnadh an gradam mór le rá seo air, gradam atá á mhaoiniú ag Comhpháirtíocht Taighde Bithleighis SFI-HRB-Wellcome Trust, comhaltacht atá le réachtáil i saotharlann in Éirinn.
- ▶ Sheol SFI i gcomhpháirt leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) glao i measc iarchéimithe i réimse beartais ST&I trí Scéim Scoláireachtaí Taighde Rialtas na hÉireann (GIPS) 2015.

Tríd an Scéim Comhpháirtíochta Straitéisí mhaoinigh SFI dhá thionscadal nuálacha bunaithe ar ard-íomháú agus brath atmaisféarach.
- ▶ Tríd an dá thionscadal, d'éascaigh SFI taighde comhoibríoch ar ardchaighdeán idir thaighdeoirí bunaithe in Éirinn agus príomh-chomhpháirtithe idirnáisiúnta a bhfuil ranníocaíochtaí suntasacha airtgid agus comhchineáil déanta acu. Maoiníodh comhpháirtíocht idir an Dr Albert Ruth (UCC) Institiúid Teicneolaíochta Karlsruhe faoi Chlár Comhpháirtíochta Straitéisí SFI, comhpháirtíocht a bhfuil sé mar aidhm léi uirlis bheag a fhorbairt chun rianghás a bhrath ar bord eitiltí tráchtála.

Ag Tacú le Daoine

Ceann de na príomhchúiseanna atá le hinfheistíocht an Rialtais i dtaighde eolaíochta ná caipiteal daonna an náisiúin a uasghrádú. Tá daoine a bhfuil ardleibhéil oiliúna agus scileanna acu mar bhonn lena chinntiú go bhfuil nuálaíocht á seachadadh, nuálaíocht atá mar bhonn le táirgí agus seirbhísí ar luach níos airde a sholáthar, mar aon le caighdeán mhaireachtála feabhsaithe.

Tá tacú le bonn taighde atá iomaíoch go hidirnáisiúnta, mar aon le hoiliúint a chur ar thaighdeoirí ardoilte (céimithe PhD), ag croílár na dtionscnamh a bhfuil SFI ag tacú leo. I rith 2014, sholáthair SFI tacaíocht dhíreach do thart ar 2,800 duine in earnáil taighde na hÉireann, 468 sealbhóir gradaim ina measc. Thacaigh SFI le 1,665 taighdeoir iardhochtúireachta agus mac léinn iarchéime. Is Éireannaigh iad breis is leath d'fhoireann taighde SFI, is de bhunadh na hEorpa iad 26% (níl Éire san áireamh) agus is as tíortha lasmuigh den Eoraip iad 19%. Is mic léinn idirnáisiúnta iad 48% de na mic léinn PhD.

CÁS-
STAIDEÁR

6

An tOll. Jonathan Coleman, Ionad Taighde SFI, AMBER, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.



Tionscadal Ceannródaíoch sa Nuálaíocht Graiféine

D'fhógair rannpháirtithe tionscadal taighde atá á reáchtáil faoi stiúir an Ollaimh Jonathan Coleman in AMBER, Ionad Taighde SFI d'eolaíocht na n-ábhar a bhfuil a cheanncheathrú aige i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, go bhfuil modh nua forbartha acu, den chéad uair, chun cainníochtaí tionsclaíocha de ghraiféin ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

Deirtear gur ábhar iontach é graiféin, arb ionann í agus leathán tiubh adamh-aonair carbóin. Tá graiféin fíor-éadrom agus níos láidre ná cruach, mar aon le bheith fíorsholúbtha agus in ann leictreachas a sheoladh.

Beidh an fhionnachtain seo mar bhonn leis an mbealach a ndéantar a lán táirgí tomhaltais agus tionsclaíocha a athrú. D'fhéadfadh go mbeadh go leor úsáidí éagsúla leis na hábhair lena n-áirítear ardphacáistí bia; plaistigh ardnirt; scáileáin tadhaill infhillte d'fhóin phóca agus do ríomhairí glúine; bratú ardchosantach do thuirbíní gaoithe agus longa; leathanbhanda níos tapa agus cadhnaí a bhfuil toilleadh i bhfad níos airde acu ná na cadhnaí atá ar fáil ar an margadh inniu.

D'oibrigh Thomas Swan Ltd. le foireann taighde AMBER le dhá bhliain anuas agus tá comhaontú ceadúnúcháin sínithe chun táirgeadh a mhéadú agus an ghraiféin ar ardchaighdeán a chur ar fáil don earnáil thionsclaíoch ar fud an domhain. Tá dhá tháirge nua fógartha ag an gcuideachta cheana féin mar thoradh ar an bhfionnachtain taighde (Elicarb® Graphene Powder agus Elicarb® Graphene Dispersion).

Tá 2,851 duine ag obair ar thionscaddail taighde a bhfuil SFI ag tacú leo lena n-áirítear:

Sealbhóirí
Gradaim

468

Taighdeoirí
Iardhoch-
túireachta

628

Mic Léinn
Iarchéime

1,037

D'fhág 448 comhalta foirne grúpaí taighde SFI in 2014, d'fhan 65% díobh in Éirinn, bhog 22% chun na hEorpa agus bhog 12% chuig tíortha neamh-Eorpacha. Mhéadaigh an líon fágáilithe a chuaigh chun oibre san earnáil thionsclaíoch in Éirinn go dtí 20% in 2014 (méadú ó 16%). based in Ireland increased to 20% in 2014 (up from 16%).

Location of team members who left SFI research groups in 2014

448 Comhalta Foirne

65%
Éire

22%
An Eoraip

12%
An chuid eile den
Domhan



Sholáthair gradaim SFI tacaíocht dhíreach do 1,843 comhoibriú acadúil idirnáisiúnta in 57 tír.

Bíonn céimithe ceathrú leibhéal mar thoradh ar infheistíochtaí SFI, agus glactar leis go bhfaighidh formhór díobh fostaíocht i gcuideachtaí ardteicneolaíochta agus, líon níos lú acu fostaíocht sa tseirbhís phoiblí, agus go leanfaidh mionlach suntasach ag obair san earnáil oideachais. Sheol SFI roinnt clár in 2014 a bhfuil sé mar aidhm leo aistriú taighdeoirí chuig an earnáil phríobháideach a fheabhsú trí oiliúint agus tairbhí chuí thionsclaíoch a sholáthar.

D'fháiltigh an Clár Comhaltachta Tionscail agus an tArdghradam roimh thograí in 2014. Is ann do na cláir seo chun tacú le forbairt gairme taighdeoirí bunaithe agus taighdeoirí luathghairme. Tá sé mar aidhm le Clár Comhaltachta Tionscail SFI deis comhoibrithe idir an earnáil acadúil agus an earnáil thionsclaíoch a éascú chun feabhas a spreagadh trí aistriú eolais agus oiliúint. Fógraíodh €482,621 a bheith ar fáil do Chlár Comhaltachta Tionscail SFI chun 7 gcomhpháirtíocht nua thionsclaíoch-acadúla a mhaoiniú. Eisíodh an dara gairm athbhreithnithe i mí na Nollag 2014 rud a chiallaigh go raibh líon níos mó iarratasóirí incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an gClár. Tá sé mar aidhm le hArdghradam SFI rannpháirtíocht bhaineann i dtaighde a spreagadh; leithdháileadh €1.75 milliún chun 10 ngradam a mhaoiniú.

Príomhfhorbairt eile ba ea tacú le agus forbairt sarthaighdeoirí luathghairme trí €23 milliún a leithdháileadh ar 41 taighdeoir luathghairme trí Dheontas Taighde do Thaighdeoirí Tosaigh (SIRG) SFI agus Gradaim Forbartha Gairme (CDA). Chomh maith leis sin, tá SFI ag leanúint ag tacú le feabhas san fhorbairt luathghairme trí chlár mór le rá Ghradam Taighdeoir Óg Uachtarán na hÉireann (PIYRA) SFI.

Sheol SFI i gcomhpháirt leis an gComhairle um Thaighde in Éirinn (IRC) glao i measc iarchéimithe i réimse beartais na hEolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (ST&I) trí Scéim Scoláireachtaí Taighde Rialtas na hÉireann (GIPS). Ina theannta sin, lean SFI lena Chlár Comhaltachta SFI (intéirneachtaí), clár a sholáthar deiseanna do thaighdeoirí óga a bheith ag obair sna hearnálacha bainistíochta gradam agus beartais in SFI.

Ar an iomlán, is ionann na cláir seo agus raon deiseanna leathnaithe gairme do thaighdeoirí bunaithe agus luathghairme.



Bronnadh Gradam Nature 2014 do Mheantóireacht san Eolaíocht ar eolaithe aitheanta Éireannacha ag Cruinniú Mullaigh 2014 SFI. Reáchtáilann Nature na gradaim bhliantúla seo chun aird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le meantóireacht agus le spreagadh eolaithe óga.

I láthair ag searmanas na ngradam bhí Cathaoirleach phainéal na moltóirí, an tOll. Luke O'Neill, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, faighteoir gradaim, an tOll. Martin Clynes, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Príomheagarthóir Nature, Philip Campbell, faighteoir gradaim, an tOll. Cliona O'Farrelly, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus faighteoir gradaim, an tOll. Cormac Taylor, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.



CÁS- STAIDEAR #7

An Chéad Sárthaispeántas Nuálaíochta Náisiúnta

Ba ionann an Sárthaispeántas Nuálaíochta Náisiúnta agus an chéad sárthaispeántas náisiúnta bunaithe ar ionaid scála agus barrfeabhais taighde agus teicneolaíochta na hÉireann.

Ba ionann é seo agus gné d'iarracht an Rialtais an bonneagar nuálaíochta, taighde agus forbartha a chur ar fáil don earnáil ghnó.

Ba í príomhghné an imeachta thaispeántas phríomhionaid taighde na hÉireann, taispeántas a raibh Ionaid Taighde SFI, Ionaid Teicneolaíochta agus institiúidí náisiúnta taighde eile páirteach ann. Deis ba ea an sárthaispeántas do chuideachtaí beaga agus móra, bualadh le hionadaithe ón 38 ionad.

Fiontraíocht Éireann thar ceann na Roinne Post, Fiontar & Nuálaíochta i ndlúthchomhar le SFI agus IDA Ireland a d'éagraigh an sárthaispeántas agus a chuir eolaire de na hionaid taighde i dtoll a chéile.

D'fhreastail thart ar 1,700 fiontraí, ionadaithe tionsclaíocha agus taighdeoirí as ar fud na tíre ar an imeacht ar an 2 Nollaig 2014.



Plé painéil ag an Sárthaispeántas Nuálaíochta, an tUasal Damien English TD Aire Scileanna, Taighde & Nuálaíochta, an tUasal Martin Shanahan, POF IDA Ireland, Julie Sinnamon, Uasal, POF Fiontraíocht Éireann agus an tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta Rialtas na hÉireann.

Cáil Idirnáisiúnta na hÉireann a fheabhsú

Tá an cháil atá ar Éirinn mar ionad do thaighde den chéad scoth ag dul i méid i gcónaí. In 2014 ba ann do bhreis is 2,498 comhoibriú acadúil, a raibh ról ag comhpháirtithe idirnáisiúnta i 74% díobh. Tá na comhoibrithe idirnáisiúnta ar siúl fud fad na cruinne – tá an líon is mó luaite le hinstitiúidí acadúla Eorpacha (58%), agus tá 22% agus 11% faoi seach luaite le Meiriceá Thuaidh agus an Áise. Is é an príomhchuspóir atá leis na comhoibrithe seo

Comhoibrithe Acadúla Idirnáisiúnta bunaithe ar an Tír in 2014

An Astráil	44	Lucsamburg	2
An Ostair	23	Málta	2
An Bhealarúis	2	Oileán Mhuiris	1
An Bheilg	24	An Ísiltír	47
An Bhrasaíl	73	An Nua-Shéalainn	18
An Bhulgáir	1	Tuaisceart Éireann	62
Ceanada	45	An Iorua	11
An tSile	8	An Phacastáin	1
An tSín	94	An Pholainn	7
An Cholóim	1	An Phortaingéil	19
An Chipir	1	Pórtó Ríce	3
Poblacht na Seice	3	An Rúis	7
An Danmhairg	29	An Araib Shádach	8
An Éigipt	2	An tSeirbia agus Montainéagró	1
An Fhionlainn	17	Singeapór	9
An Fhrainc	109	An tSlóvaic	3
An tSeoirsia	1	An tSlóivéin	4
An Ghearmáin	141	An Afraic Theas	5
An Ghréig	3	An Spáinn	65
An Ungáir	2	An tSualainn	54
An Íoslainn	1	An Eilvéis	29
An India	61	An Téaváin	5
An Iaráin	1	An Téalainn	1
Iosrael	5	An Tuirc	7
An Iodáil	63	Uganda	1
An tSeapáin	17	An Ríocht Aontaithe	326
an Chóiré Theas	10	Na Stáit Aontaithe	361
Cuáit	1		
An Laitvia	1		
An Liobáin	1		
		Iomlán	1843



Imeachtaí

- ▶ Reáchtáil SFI sárthaispeántas taighde mar chuid de mhisean oifigiúil Lá Fhéile Pádraig chuig Washington an Taoiseach Enda Kenny. Ag an imeacht, bhronn an Taoiseach an chéad Bhonn Lá Fhéile Pádraig SFI ar an Dr Garret FitzGerald. Tapaíodh an deis agus úsáideadh an t-imeacht seo chun léiriú a thabhairt ar na himpleachtaí atá ag taighde atá ar bun in Éirinn trí rannpháirtíocht Ionaid Taighde SFI. Lena chois sin, i rith an imeachta tarraingíodh aird ar na cláir atá á maoiniú ag SFI atá deartha chun taighdeoirí luathghairme agus bunaithe/aitheanta a mhealladh go hÉirinn agus ar chláir thionsclaíocha SFI.
- ▶ Reáchtáil SFI agus an Cumann Ríoga, i gcomhpháirt le Gailearaí na hEolaíochta, imeacht sa Chumann Ríoga chun ceiliúradh a dhéanamh ar chomhoibrithe idir Éire/an Ríocht Aontaithe le linn Cuairt Stáit an Uachtaráin Higgins ar an Ríocht Aontaithe. D'fhreastail Comhaltaí an Chumainn Ríoga a bhfuil naisc phearsanta nó chomhoibríocha acu le hÉirinn ar an ócáid, mar aon le taighdeoirí luathghairme atá ag obair i Londain nó gar do Londain a bhfuil naisc phearsanta nó chomhoibríocha acu le hÉirinn, lena n-áirítear foireann taighde alumni SFI.
- ▶ Fógraíodh comhpháirtíocht fhoirmiúil leis an gCumann Ríoga ar an 30 Meitheamh in Acadamh Ríoga na hÉireann. Reáchtáladh dhá chruinniú faisnéise d'iarratasóirí poitéinsiúla i mí Iúil, cruinnithe a raibh ionadaithe ón gCumann Ríoga i láthair acu.

- ▶ Reáchtáil SFI, i gcomhpháirt le Chinese Academy of Sciences (CAS), ócáid chun ceiliúradh a dhéanamh ar Chomhoibrithe Taighde idir an tSín/Éire i mBéising ar an 9 Nollaig mar chuid de Chuairt Stáit an Uachtaráin Higgins ar an tSín. D'fhreastail 150 scoláire atá bunaithe sa tSín agus atá ag obair i gcomhpháirt le taighdeoirí in Éirinn ar an ócáid. Bhí tréimhse caite ag formhór na ndaoine a d'fhreastail ar an ócáid ag obair i saotharlanna SFI in Éirinn agus thug siad le fios gur mhaith leo na naisc atá acu le comhghleacaithe in Éirinn a chothú agus a threisiú. Chas an tUachtarán, mar aon leis an Uasal Michael Noonan TD, Aire Airgeadais agus an tUasal Charles Flanagan TD, Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, le roinnt de na scoláirí, a raibh póstaer le cuid acu ar taispeáint.

I rith na cuairte stáit, rinne SFI an comhaontú maidir le comhoibriú le Fondúireacht Náisiúnta Eolaíochtaí Nádúrtha na Síne a athnuachan ag searmanas oifigiúil a reáchtáladh i Halla Mór na nDaoine. Bhí Uachtarán na hÉireann agus Uachtarán na Síne i láthair ag an ócáid síniúcháin.



Bhronn an Taoiseach Enda Kenny an Chéad Bhonn Eolaíochta Lá Fhéile Pádraig SFI ar an Dr Garret FitzGerald, Ollamh McNeil le Míochaine Aistritheach agus Teiripic, Ollscoil Pennsylvania in Philadelphia, in Washington DC.

Maoiniú ó Fhoinsí eile a Ghiaráil

Ba chóir go mbeadh foinsí éagsúla maoinithe luaithe le taighde eolaíochta den scoth a n-eascaíonn buntáistí díreacha geilleagracha agus sóisialta as. A dhála sin, éilíonn mórtionscadail taighde leibhéal maoinithe nach féidir ach le hinfheisteoirí éagsúla a chomhlíonadh. Is ionann maoiniú a bheith faighte ó fhoinsí idirnáisiúnta cosúil le ERC agus comhordú tionscadal AE agus fianaise ar thaighde eolaíochta den chéad scoth. Tá fianaise ar phóitéinseal tionchair le fáil in iarratais chomhpháirtíochta ó chuideachtaí móra nó ollscoileanna idirnáisiúnta.

Dá réir sin, táscaire d'ábharthacht agus de chaighdeán é sruth éagsúlaithe ioncaim.

Chomh maith leis sin, cuireann sé le hinbhuanaitheacht an chórais agus feabhsaíonn sé a chumas cuspóirí straitéiseacha a sheachadadh, mar bhonn leathan maoinithe atá níos cobhsaí. Chomh maith leis sin, cinntíonn sruth leathan maoinithe solúbthacht agus éifeachtacht daoine aonair agus forbairt leanúnach gairmithe taighde.

Tá rath na hÉireann chomh fada is a bhaineann le deontais a fháil ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC) faoi Horizon 2020 i bhfad níos fearr ná mar a bhí blianta roimhe seo. Tacaíonn deontais mór le rá ERC le taighde den chéad scoth i réimsí éagsúla. Go dtí seo, is fiú breis is €30 milliún an maoiniú ERC atá curtha ar fáil do dheontaithe ERC faoi Horizon 2020 in Éirinn. Tá SFI ag leanúint lena Cláir Thacaíochta agus Forbartha na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERC) a réachtáil, cláir a thacaíonn leis an bpobal cláir thaighde a fhorbairt chun maoiniú ERC a fháil agus chun tacú le deontaithe ERC.

Méid na ngealltanais seachtrach maoinithe faighte ag Taighdeoirí atá á maoiniú ag SFI*

	2014
Fiontar Príobháideach	26,508,100
Fiontraíocht Éireann (EI)	25,875,390
An tAontas Eorpach - Creachlár	13,188,058
An Chomhairle um Thaighde in Éirinn (IRC)	9,565,299
An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia	6,620,627
Carthanas/Eagraíocht Neamhbhrabúis (Éireannach)	6,282,316
An tAontas Eorpach - Horizon 2020 (Marie Curie)	4,637,873
Foinse Eile um Rialtas Idirnáisiúnta	4,632,344
An Bord Taighde Sláinte (HRB)	3,711,765
Eagraíocht Leasa Idirnáisiúnta Eile	2,641,867
An tAontas Eorpach - Eile	2,478,825
An tAontas Eorpach - Horizon 2020 (Eile)	2,211,349
An tAontas Eorpach - Horizon 2020 (ERC)	1,978,928
Carthanachtaí/Eagraíocht Neamhbhrabúis (Idirnáisiúnta)	1,587,179
Foinse Eile um Rialtas na hÉireann	1,473,106
An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR)	771,692
Teagasc	673,500
Wellcome Trust	488,036
An tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA)	262,000
Foras na Mara (MI)	249,000
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA)	192,192
National Science Foundation US (NSF)	103,135
Foinse Eile	10,000
National Institute of Health USA (NIH)	6,522
Iomlán	116,149,103

* Sonraí ó aschuir 2014 SFI. Is ionann é seo agus gealltanais faighte; níl maoiniú bliana i gceist.

SGlactar leis in SFI go mbeidh ról lárnach ag Ionaid Taighde SFI i mórhionscnamh mhaoinithe idirnáisiúnta a theorú agus a bhuachan. Tá straitéis chomhaontaithe ag gach Ionad Taighde SFI ina n-áirítear cuspóirí réalaíocha maidir le páirt a ghlacadh in Horizon 2020. D'fhonn a rannpháirtíocht in Horizon 2020 a éascú, sholáthair SFI gradam forlíontach do gach Ionad Taighde SFI chun Bainisteoir Deontas AE a fhosú, scéim a chosnóidh thart ar €4 milliún thar thréimhse 5 bliana. Ina theannta sin, tá Bainisteoir Deontas AE breise maoinithe ag SFI, i gcomhpháirt le IUA, arb é an ról atá aige eolas maidir le maoiniú AE a roinnt le taighdeoirí, chun dlús a chur faoin líon iarratas ar Ghníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (MSCA).

Maoiniú AE a fháil:

- ▶ Scríobh SFI glao trasnáisiúnta Bithmharcóra €5.5 milliún sa Tionscnamh Cláir Nasctha (JPI) A Healthy Diet for A Healthy Life a seoladh in Aibreán 2014. Ceadaíodh maoiniú i ndáil le dhá thogra, togra amháin díobh a bhfuil beirt chomhpháirtithe bunaithe in Éirinn luaite leis.

D'oibrigh SFI i gcomhpháirt le 13 tír ar an nglao trasnáisiúnta Cross Disease Analysis of Pathways sa JPI faoi Ghalair Néarmheathlúcháin. Cuirfear maoiniú ar fáil do thogra amháin a bhfuil comhpháirtí Éireannach luaite leis.

D'oibrigh SFI i gcomhpháirt le 11 tír ar aighneacht d'iarratas do Systems Medicine *ERANET COFUND* faoi Horizon 2020, iarratas ar éirigh leis.

Rannpháirtíocht Phoiblí & Oideachas

Tá ról níos tábhachtaí anois ná riamh ag eolaíocht agus ag teicneolaíocht i ndéileáil leis na fadhbanna eacnamaíocha, sóisialta agus timpeallachta a bhfuiltear ag déileáil leo i saol an lae inniu. Tá sé mar aidhm le Clár Fionnachtana SFI dlús a chur faoi fheasacht agus faoi rannpháirtíocht phobal na hÉireann san earnáil eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (STEM). Cuid de chlár Fionnachtana SFI é tionscadail/tionscnamh a bhainistiú agus maoiniú a sholáthar do roinnt clár a thacaíonn le agus a fhorbraíonn earnáil oideachais agus for-rochtana na hÉireann.

Déanann na cláir seo iniúchadh ar mar aon le modhanna nuíosacha de rannpháirtíocht phoiblí agus cumarsáid a spreagadh.

In 2014, ceadaíodh 73 tionscadal nua faoi Chlár Fionnachtana SFI, tionscadail a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar 402,975 duine.

I measc phríomh-bhuaicphointí thionscadail maoinithe faoi Chlár Fionnachtana SFI in 2014 tá:

Chomhordaigh Clár Fionnachtana SFI Seachtain Eolaíochta 2014 a raibh sraith de sheóanna agus ceardlanna idirghníomhacha eolaíochta a sholáthar do leabharlanna agus do chomhlachtaí áitiúla ar fud na tíre i rith Sheachtain na hEolaíochta san áireamh ann. Bhí na seóanna spreagúla, spráilúla seo á reáchtáil do leanaí ó bhunscoileanna agus ó iarbhunscoileanna áitiúla. I gcomhair Sheachtain Eolaíochta 2014, reáchtáladh 165 seó ar fud na tíre. Lena chois sin, thacaigh Clár Fionnachtana SFI le 6 Féile Eolaíochta Réigiúnacha i gCorcaigh, Gaillimh, Sligeach, Lár na Tíre, Port Láirge agus Maigh Eo. I rith na bhféilte seo reáchtáiltear seóanna eolaíochta, ceardlanna agus cainteanna i rith na seachtaine. I gcomhair Sheachtain Eolaíochta 2014, reáchtáil an chéad 7 nIonad Taighde Maoinithe ag SFI sraith imeachtaí spreagúla i gCorcaigh, Luimneach, Baile Átha Cliath agus Gaillimh (lena n-áirítear laethanta oscailte teaghlaigh, ceardlanna, léachtaí poiblí agus oícheanta scannáin) mar bhealach chun torthaí taighde as ar fud an domhain a chur ar fáil don phobal. I mblianta roimhe seo, ba trí Chlár Fionnachtana SFI amháin a bhí Seachtain na hEolaíochta á maoiniú. Tá forbairt déanta ar struchtúr maoinithe Sheachtain na hEolaíochta i mbliana trí mhaoiniú trí chomhpháirtíochtaí a chur san áireamh - dea-shampla de bharrfheabhsú éifeachtach maoiniú státchiste.

Is comhpháirtí straitéiseach de chuid na Féile Fiosracha, féile bhliantúil eolaíochta agus cultúir Bhaile Átha Cliath, é SFI, féile arb é an misean atá luaite léi cultúr fiosracha a chothú i mBaile Átha Cliath agus in Éirinn. I rith na Féile reáchtáladh sraith imeachtaí lena n-áirítear cainteanna eolaíochta, taispeántais, ceardlanna, amharclann idirghníomhach agus taispeánadh scannáin. Deis ba ea an t-imeacht chun leanaí, teaghlaigh, eolaithe, ealaíontóirí agus an pobal trí chéile a thabhairt le chéile mar chuid d'fhéile chomhtháite eolaíochta agus cultúir, mar aon le haird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le 'heolaíocht' agus suntas na heolaíochta i gcomhthéacs gheilleagar agus chultúr na hÉireann.

Ba in 2014 a seoladh tionscnamh na Todhchaí Cliste, plan 3 bliana a raibh sé mar aidhm leis spéis a chothú in ábhair Eolaíochta, Theicneolaíochta, Innealtóireachta agus Mhatamaitice (STEM).

CÁS- STAIIDÉAR #8

10 mBliaana ar an bhFód á Cheiliúradh ag Discover Primary Science and Maths



Leanaí ó Bhunscoil Shráid Ghairdinéir leis an Oll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta Rialtas na hÉireann, Aoibhinn Ní Shúilleabháin, Uasal, Ambasadóir Ghradam Bharrfeabhais Eolaíochta agus Matamaitice agus an tUasal Sean Sherlock, iar-Aire Taighde & Nuálaíochta.

In 2014 bhí 10 mBliaana ar an bhFód á Cheiliúradh ag Discover Primary Science and Maths (DPSM).

Ba cheiliúradh ar 10 mbliana ar an bhfód iad Gradaim DPSM. Is mar chuid de Chlár Fionnachtana SFI a reáchtáiltear na gradaim seo. As measc an 517 faighteoir a bhí ann in 2014, bronnadh an 10ú Gradam Barrfeabhais Eolaíochta agus Matamaitice ar 16 scoil, mar aon le duais ó Abbott Ireland.

Faoi Chlár Gradam Discover Primary Science and Maths éilítear ar bhunscoileanna gníomhaíochtaí a chur i gcrích faoi 5 chritéir chun cur chuige scoile uile i ndáil le barrfeabhas matamaitice agus eolaíochta a spreagadh. I measc na ngníomhaíochtaí seo tá cur chuige teagmhálach maidir le gníomhaíochtaí eolaíochta agus matamaitice, cuairt a thabhairt ar Ionaid Fionnachtana DPSM agus freastal ar imeachtaí eolaíochta nó imeachtaí eolaíochta a reáchtáil.

Chomh maith leis sin, ghlac na céadta scoil páirt in Greenwave, tionscadal a raibh sé mar aidhm leis tús an earraigh a thaifeadadh, mar chuid den chlár Gradam. Sholáthair na scoileanna rannpháirteacha a ndialanna imeachtaí lena meas le gairid.

I ndeireadh na dála, is é atá mar aidhm leis an straitéis nua méadú 10% a chinntiú sa líon mac léinn atá i mbun staidéir ar ábhair STEM ag an dara agus ag an tríú leibhéal faoin mbliain 2016. Tá oiliúint curtha ar 929 oibrí deonach faoin gclár seo go dtí seo, tugadh cuairt ar 427 scoil i mbliain acadúil 2013/14 agus rinneadh teagmháil le breis is 13,000 mac léinn.

Ghlac taighdeoirí maoinithe ag SFI páirt i roinnt gníomhaíochtaí rannpháirtíochta oideachais agus poiblí in 2014, lena n-áirítear agallaimh agus idirghníomhaíochtaí leis na meáin, 742 léacht agus taispeántas poiblí a reáchtáil agus 923 cuairt a thabhairt ar bhunscoileanna agus ar mheánscoileanna.

Bronnadh Gradaim Bharrfeabhais Eolaíochta agus Matamaitice faoi Chlár Fionnachtana Primary Science and Maths (DPSM) ar bhreis is 500 bunscoil in Éirinn.

Dámhachtainí Nua in 2014


In 2014 ceadaíodh 343 gradam nua in 23 clár éagsúil, gradaim ar fiú €274 milliún iad. In 2014 bhí na hiocaíochtaí iomlána a rinneadh le comhlachtaí/institiúidí taighde cothrom le €154 milliún.

Seo a leanas achoimre ar chinntí chlár gradam 2014:

- Tacaíonn Clár Taighdeoirí SFI le tionscadail taighde den scoth a bhfuil tionchar dáiríre acu, tionscadail a bhfuil taighdeoirí aonair ina mbun. Mhaoinigh SFI 42 togra, mar aon le tacú le 200 post taighde, a raibh comhoibriú le 62 cuideachta i gceist leo, ag costas iomlán €51 milliún. I measc na ngradam bhí maoiniú a sholáthar do thaighde i réimsí cosúil le táirgeadh inbhuanaithe bia, táirgeadh bithchógaisíochta, brath ailse agus iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí chun titimeas a rialú.

Bunaíodh 5 Ionad Taighde nua SFI trí infheistíocht €155 milliún thar 5 bliana, mar aon le gealltanais airgid agus comhchineáil luach €90 milliún ón tionscal, a dhírigh ar réimsí taighde lena n-áirítear geo-eolaíochtaí feidhmeacha, idirlíon na n-earraí, teileachumarsáid, bogearraí agus feistí leighis.

Príomhfhorbairt eile ba ea tacú le agus forbairt sarthaighdeoirí luathghairme trí €23 milliún a leithdháileadh ar 41 taighdeoir luathghairme trí Dheontas Taighde do Thaighdeoirí Tosaigh (SIRG) SFI agus Gradaim Forbartha Gairme (CDA).



Shane O'Donnell, Ambasadóir Thodhchaí Chliste STEM agus iománaí le foireann iomána Chontae an Chláir, an tUasal Richard Bruton TD, an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus an Dr Ruth Freeman, Stiúrthóir Straitéise agus Cumarsáide SFI ag seoladh straitéis na Todhchaí Chliste.

- ▶ Lean SFI ag tacú le clár Chomhaltachta Tionscail SFI. Leithdháileadh €482,621 don Chomhaltacht Tionscail chun 7 gcomhpháirtíocht nua idir an earnáil thionsclaíoch agus an earnáil acadúil a mhaoiniú.
- ▶ D'fhonn rannpháirtíocht na mban san earnáil taighde a spreagadh, seoladh Gradam Dul Chun Cinn SFI in 2014: Leithdháileadh €1.75 chun 10 ngradam a mhaoiniú.
- ▶ D'earcaigh an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath an tOll. Robert Bogdan Staszewski, chun clár taighde ceannródaíoch a stiúradh, clár a raibh sé mar aidhm leis cumas na hÉireann feidhmiú mar ionad domhanda do 'Idirlíon na nEarraí' a mhéadú. Bronnadh maoiniú luach €5 milliún ar an Oll. Staszewski faoi Chlár Ollúnachta Taighde SFI.
- ▶ Maoiníodh 2 thionscadal tríd an gclár Comhpháirtíochta Straitéisí. Bhunaigh an Dr Peter Corcoran, OÉ Gaillimh comhpháirtíocht le Fotation agus bhunaigh an Dr Albert Ruth comhpháirtíocht le hInstitiúid Teicneolaíochta Karlsruhe.
- ▶ Tacaíonn Clár Gradam Bith-theiripice SFI-Pfizer le tionscadail taighde ard-iomaíocha, comhoibríocha idir Pfizer agus acadóirí Éireannacha, taighde a bhfuil sé mar aidhm leis iarrthóirí bithchógaisíochta a aithint atá dírithe ar chur i gcoinne spriocanna nó conair leas galar nuíosach. Sholáthair SFI maoiniú luach €2.5 milliún do 5 thionscadal.
- ▶ Trí €1.6m a infheistiú in 39 thionscadal in 2014, beidh rochtain ag breis is 4.5 milliún Éireannach ar thionscnaimh atá deartha chun a bhfiosracht nádúrtha a spreagadh agus a rannpháirtíocht ghníomhach san earnáil eolaíochta agus teicneolaíochta a fhorbairt.



D'fhógair an tUasal Damien English TD, an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta maoiniú luach Á1.7 milliún trí Ghradam Dul Chun Cinn SFI chun tacú le mná atá ag fillleadh ar ghairmeacha eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta nó matamaitice. Bhí seisear de na faighteoirí i láthair ag an ócáid fógartha i dteannta le Ann Riordan, Uasal, Cathaoirleach Bhord SFI, an tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta an Rialtais, an tUasal Damien English TD, an tAire Scileanna, Taighde agus Nuálaíochta.

Struchtúr eagraíochtúil agus Fógraí Reachtúla



Rialachas agus Maoirseacht

Ráiteas Rialachais Chorporáidigh

Agus na caighdeáin is airde Rialachais Chorporáidigh á gcomhlíonadh ag an mBord, thug sé faoi athbhreithniú mionsonraithe ar a bheartais agus ar a nósanna imeachta, mar aon le gníomhaíochtaí a choistí, i rith 2014.

Chuipe sin, bhunaigh Bord SFI Coiste Rialachais Chorporáidigh agus mar chuid den obair a rinneadh i rith na bliana chinntigh an Bord go raibh ról agus freagrachtaí na bpríomhshealbhóirí oifige sonraithe go soiléir. Bhí an Coiste freagrach as athbhreithniú agus as leasuithe a dhéanamh ar Théarmaí Tagartha Choistí Boird eile lena n-áirítear an Coiste Iniúchta & Riosca agus Coiste na Bainistíochta Forbartha / na nAinmiúchán Comhairleach Boird. Cheadaigh an Bord roinnt beartas agus nósanna imeachta a bhain le Rialachas Corparáideach lena n-áirítear nósanna imeachta chun deis a thabhairt do Chomhaltaí Boird Comhairle Neamhspleách Ghairmiúil a fháil. Chomh maith leis sin, ghlac an Bord páirt i roinnt imeachtaí measúnaithe i rith na bliana. Bhí an Bord tiomanta do mheasúnú seachtrach ar a réimeas Rialachais Chorporáidigh a lorg agus dlús a chur faoi seo i rith 2015 faoi mhaoirseacht an Choiste Rialachais Chorporáidigh.

Bord SFI



Ann Riordan, Uasal Cathaoirleach Bhord SFI

Tá Ann Riordan ag feidhmiú mar chomhalta boird le fada, agus roimhe seo bhí poist shinsearacha san earnáil TFC aici. Ba í a bhunaigh Microsoft Ireland in 1990 agus bhí ról lárnach aici sa tionscnamh Fastrack to IT (FIT) a bhunú freisin, tionscnamh arb ionann é agus deis a thabhairt do bhreis is 12,000 duine dífhostaithe go fadtéarmach freastal ar chúrsaí oiliúna.

Bhí sí ina comhalta de Choiste Stiúrtha na Sochaí Faisnéise agus de Chomhairle Eolaíochta, Teicneolaíochta & Nuálaíochta na hÉireann. Áirítear i measc na ról a bhí aici ó chuaigh sí ar scor ó Microsoft: Uachtarán Institiúid na Stiúrthóirí in Éirinn; Cathaoirleach Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann; Cathaoirleach Thursóireacht Éireann; Cathaoirleach Údarás Réigiúnach Turasóireachta Bhaile Átha Cliath agus stiúrthóir leas phoiblí an Chumainn Oideach Foirgníochta.



Bernie Cullinan, Uasal, POF Pragma Advisory, Leas-Chathaoirleach Bhord SFI

Is í Bernie Cullinan, Uasal, POF Pragma Advisory, cuideachta a sholáthraíonn seirbhís iomhán chomhairleach gnó agus réitigh AD do chuideachtaí san earnáil FBM. Is comhalta boird d'iontaobhas Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath í Bernie. Roimhe seo bhí roinnt post leibhéal-C ag Bernie i roinnt cuideachtaí teicneolaíochta Éireannacha. Le linn di na ról seo a chomhlíonadh, bhí ról lárnach ag Bernie i ndlús a chur faoi fhorbairt mar aon le cistí a bhailiú sna Stáit Aontaithe, sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn chun tacú leis na straitéisí forbartha seo.

Chomh maith leis sin, bhí poist dhúshlánacha ag Bernie in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe agus san Astráil, poist a raibh sé mar aidhm leo dlús a chur faoi fhorbairt gnó laistigh d'éagraíochtaí. Roimhe seo bhí Bernie ag feidhmiú mar Chathaoirleach ar Chumann Bogearraí na hÉireann. Bhronn an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath BComm agus MBA uirthi agus is Comhalta d'Institiúid Cairte na gCuntasóirí Bainistíochta (CIMA) í. Bhí sí ag feidhmiú mar Uachtarán ar CIMA freisin tráth.



An tOll. Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta Rialtas na hÉireann

Thosaigh an tOll. Mark Ferguson ag obair mar Ard-Stiúrthóir SFI in Eanáir 2012 agus mar Phríomhchomhairleoir Eolaíochta an Rialtais i mí Dheireadh Fómhair 2012. Roimhe sin, ceapadh Mark Ferguson mar Ollamh le hEolaíochtaí Beatha in Ollscoil Mhanchain in 1984, nuair a bhí sé 28 bliain d'aois, agus ba é an tOllamh ab óige sa Bhreatain. Tá spéis ag Mark i réimsí éagsúla taighde agus is iomaí dámhachtain, duais, bonn agus gradam idirnáisiúnta atá bronnta air.

Ba é Mark a bhunaigh Manchester Biosciences Incubator, cuideachta a sholáthair seirbhísí meantóireachta do roinnt cuideachtaí nuathionscanta agus bhí sé ar dhuine de chomhbhunaitheoirí (leis an Dr Sharon O'Kane) Renovo, cuideachta biteicneolaíochta a dhíríonn ar theiripí nuíosacha cógaseolaíochta a fhorbairt. Bhí Mark ainmnithe mar chomhalta ar roinnt Coistí, Painéal agus ar Bhord nó Bord Comhairleach Eolaíochta roinnt cuideachtaí idirnáisiúnta biteicneolaíochta. I láthair na huaire tá Mark ceaptha mar Ollamh Oinigh le hEolaíochtaí Beatha ag Ollscoil Mhanchain agus is comhalta é de roinnt Cumann Léannta, agus bronnadh CBE air in 1999.



An tOll. Sior Tom Blundell, Stiúrthóir Taighde agus Ollamh Emeritus le Bithcheimic, Ollscoil Cambridge

Is Stiúrthóir Taighde agus Ollamh Emeritus le Bithcheimic in Ollscoil Cambridge é an tOll. Sior Tom Blundell. Roimhe seo bhí poist teagaisc agus taighde aige in Ollscoileanna Londan, Sussex agus Oxford agus tá foireann ghníomhach taighde atá i mbun taighde ar an mbitheolaíocht struchtúrtha agus ríomh-bhitheolaíocht á stiúradh aige. Is comhbhunaitheoir Astex Therapeutics é, agus tá tréimhse caite aige ina chomhalta ar roinnt Bord nó Bord Comhairleach Eolaíochta cuideachtaí cógaisíochta & biteicneolaíochta lena n-áirítear SKB, Celltech agus UCB.

Roimhe seo bhí roinnt ról mór le rá ag Tom i gcomhlachtaí poiblí, Coimisiúin Ríoga agus Carthanais agus ba chomhalta é de ghrúpa comhairleach an Phríomhaire agus ba é POF bunaidh agus Cathaoirleach ar Chomhairle Taighde Biteicneolaíochta agus Eolaíochtaí Bitheacha na Ríochta Aontaithe. Ainmníodh mar Ridire é in 1997 agus is comhalta de roinnt acadamh é. Bronnadh roinnt dámhachtainí, duaiseanna, bonn agus gradam air i ndáil leis an taighde atá curtha i gcrích aige agus tá Dochtúireachtaí Oinigh bronnta ag 16 Ollscoil air.



An Dr Rita R. Colwell, Ollamh in Ollscoil Maryland agus Ollscoil Johns Hopkins Scoil Sláinte Phoiblí Bloomberg agus Cathaoirleach CosmosID Bioinformatics Inc.

Tá an Dr Rita Colwell ceaptha mar Ollamh in Ollscoil Maryland ag College Park agus in Ollscoil Johns Hopkins Scoil Sláinte Phoiblí Bloomberg agus mar Chathaoirleach ar CosmosID Bioinformatics Inc. Bhí an Dr Colwell ag obair mar an 11ú Stiúrthóir ar Fhondúireacht Eolaíochta Náisiúnta (NSF) na Stát Aontaithe idir 1998-2004. Le linn di a bheith ag feidhmiú mar Stiúrthóir NSF, i measc na dtionscnamh éagsúil a raibh baint acu leo, bhí forbairt raon clár NSF lena n-áirítear cibearbhonneagar agus idirghníomhaíocht speisialta san oideachas eolaíochta agus matamaitice, oideachas eolaíochta agus innealtóireachta céimithe agus dlús a chur faoi rannpháirtíocht na mban agus grúpaí mionlacha san earnáil eolaíochta agus innealtóireachta.

Is comhalta í an Dr Colwell d'Acadamh Náisiúnta Eolaíochtaí na Stát Aontaithe, tá roinnt dochtúireachtaí oinigh bronnta uirthi agus tá sí páirteach i mboird chomhairleacha eolaíochta ar fud an domhain. Chomh maith leis sin, bhronn Uachtarán na Stát Aontaithe Bonn Náisiúnta Eolaíochta uirthi in 2006.



An tUasal Dermot Curran, Ard-Rúnaí Cúnta agus Stiúrthóir Rannóg Nuálaíochta agus Infheistíochta na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Agus é ina chomhalta de Bhord SFI go dtí Aibreán 2015, bhí Dermot ina Ard-Rúnaí Cúnta / Stiúrthóir ar Rannóg Nuálaíochta agus Infheistíochta na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Thuairiscigh sé d'Ard-Rúnaí na Roinne agus don Aire agus áiríodh lena chuid réimsí freagrachta ceapadh agus cur chun feidhme bheartas an Rialtais maidir le hEolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, forbairt Fiontar, cláir Trádála Thuaidh/Theas agus cláir Forbartha Gnó agus rannpháirtíocht na hÉireann i raon clár taighde agus teicneolaíochta idirnáisiúnta lena raibh baint ag an Aontas Eorpach agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa. D'éirigh Dermot as a ról ar Bhord SFI nuair a bhog sé go dtí ról nua i Roinn an Taoisigh.



An tUasal Aidan Donnelly, Stiúrthóir Bainistíochta, Advest Management Ltd agus Cathaoirleach ar NORA

Tá an tUasal Aidan Donnelly ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Advest Management Ltd, cuideachta a dhéanann bainistíocht ar chistí cothromais phríobháidigh. Ina theannta sin tá sé ina Chathaoirleach ar NORA, an gníomhaireacht de chuid rialtas na hÉireann atá freagrach as Cúltaicé Ola Náisiúnta na hÉireann agus tá roinnt leasanna aige i gcuideachtaí nuathionscanta i réimsí an fhuinnimh in-athnuaite agus an chomhshaoil.

Tá an-taithí ag Aidan maidir le forbairt agus bainistiú cuideachtaí ilnáisiúnta atá dírithe ar an teicneolaíocht in Éirinn, amhail Xerox (Europe) Ltd, Quantum Peripheral Products Ltd, Puritan Bennett, Cabletron Systems, Betdaq (Global Betting Exchange Ltd) agus, le déanaí, ServeCentric Ltd. Le níos mó ná 12 bhliain anuas, d'fhóin Aidan in arm na hÉireann, agus bhí sé ina Chaptaen i gCór Ordanáis an Airm. Bhain sé amach céim M.B.A. (UCG), M.I.E. (UCD) agus B.Sc. (UCG). Is Stiúrthóir Cairte (C.Dir.) é le hInstitiúid na Stiúrthóirí.



Mary Doyle Uasal, Leas-Rúnaí, An Roinn Oideachais agus Scileanna

Thosaigh Mary Doyle Uasal, Leas-Rúnaí sa Roinn Oideachais agus Scileanna, i mbun oibre sa ról atá aici faoi láthair sa Roinn Oideachais agus Scileanna i mí an Mheithimh 2012, áit a bhfuil sí i gceannas ar an Rannóg Ardoideachais sa Roinn. Bhíodh sí i mbun oibre i Roinn an Taoisigh agus sa Roinn Sláinte, agus bhí sí ina hArd-Stiúrthóir in Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige agus sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

Bhí sí ina comhalta den Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta agus den Bhord Náisiúnta Staidrimh agus ina Comhalta Fóraim den Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Bhain sí céim amach sa Leánn Eorpach ó Ollscoil Luimnigh agus Máistreacht i mBainistíocht na Seirbhíse Poiblí ó Choláiste na Tríonóide/Foras Bainistíochta na hÉireann.



An Dr Pat Duane, Leas-Uachtarán, Oibríochtaí Domhanda, Creganna Medical

Tá Pat Duane, BSc MED DBA CEng ina Leas-Uachtarán ar Oibríochtaí Domhanda le Creganna Medical agus is é atá i gceannas ar na foirne táirgthe ar fud na sé shuíomh san Eoraip, i Meiriceá Thuaidh, i Meiriceá Láir agus san Áise. Tá taithí os cionn 25 bliain ag Pat sa tionscal leighis. Sular thosaigh sé le Creganna, bhí Pat ag obair le Medtronic Inc. agus bhí ról aige in oibríochtaí, Taighde agus Forbairt agus forbairt gnó. Bhíodh Pat ag obair le AVE agus CR Bard freisin. Is mór ag Pat an nuálaíocht agus tá sé ainmnithe ar níos mó ná 12 phaitinn a eisíodh go hidirnáisiúnta, agus tá comhdúithe paitinne eile ar feitheamh aige. In 2009, bhronn Coláiste Bainistíochta Henley, Londain, Dochtúireacht sa Ghnó ar Pat. Ba é comhtháthú éadálacha arna spreagadh ag an teicneolaíocht i gcorparáidí móra an réimse léinn ina raibh spéis aige. Chuir Pat i gcrích Máistreacht sa Dearadh Innealtóireachta i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath in 1996 mar chomhlánú ar an B.Sc. Onóracha atá aige san Fhísic Fheidhmeach. Tá sé ina chomhalta cairte d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann.



An tOllamh Liam Madden, Leas-Uachtarán Corparáideach, Xilinx Inc.

PTá an tOllamh Liam Madden ina leas-uachtarán corparáideach ar an innealtóireacht in Xilinx. Tá sé i gceannas ar eagraíocht dhomhanda de ghairmithe sa taighde agus san fhorbairt, agus foirne i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh san áireamh. Tá breis is 30 bliain caite ag an Ollamh Madden i dtionscal na leathsheoltóirí sna Stáit Aontaithe, áit a bhfuil cion déanta aige ar son réimse táirgí agus teicneolaíochtaí atá amuigh chun tosaigh sa tionscal.

Tá sé lonnaithe i Silicon Valley, agus bhí sé i mbun oibre le cuideachtaí seanbhunaithe agus le cuideachtaí nua-thionscanta, lena n-áirítear ról ceannaireachta in IPO (tairiscint phoiblí thosaigh) ar éirigh go geal leis. Tá taithí fhairsing ag an Ollamh Madden i dtaobh teicneolaíochtaí nuálacha a chothú, agus rinne sé tráchtálú le déanaí ar an chéad slis ríomhaire chruachta thrí-thoiseach. Tá cúig phaitinn aige sa i dteicneolaíocht na leathsheoltóirí. Is Comhalta de chuid Innealtóirí Éireann é agus i mí an Mheithimh 2013 ceapadh é ina Ollamh Cúnta san Innealtóireacht Leictreach, Leictreonach agus Chumarsáide i UCD.



An tUasal Barry O'Sullivan, POF, Altocloud

Tá an tUasal Barry O'Sullivan ina POF ar Altocloud, cuideachta bogearraí a bhfuil sé ina mhisean aici feabhas a chur ar eispéiris rannpháirtíochta custaiméirí sa ríomhthráchtáil agus sa díolachán taobh istigh. Sular tháinig sé go dtí Altocloud, bhí sé ina Leas-Uachtarán Sinsearach le Cisco Systems agus ina theannta sin bhí sé ina Bhainisteoir Ginearálta ar roinnt rannán atá i bhfeighil ar ghnó ar fiú na billiúin dollar é, lena n-áirítear Comhoibriú agus Guthú thar IP, a thug sé ón séú háit go dtí an chéad áit i dtaobh sciar den mhargadh ar fud an domhain. Tá an chuid is mó dá shaol oibre caite ag an Uasal O'Sullivan i Silicon Valley, agus ghlac sé le post le Cisco in 2002, tar éis dó a bheith ina Bhainisteoir ar ghnó bogearraí Nortel d'ionaid teagmhála roimhe sin.

Tá sé ina chomh-bhunaitheoir ar Ghrúpa Ceannaireachta Teicneolaíochta na hÉireann. Tá Céim Bhaitsiléara aige san innealtóireacht leictreach ó UCC agus Céim Mháistreachta sa ríomheolaíocht ó Ollscoil Luimnigh, mar aon le Céim Mháistreachta sa riarachán gnó ó Ollscoil Santa Clara, California.



Geraldine Ruane Uasal, Príomhoifigeach Oibriúcháin, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

Tá cúlra láidir tráchtála/airgeadais ag Geraldine Ruane Uasal mar fheidhmeannach sinsearach a bhfuil breis is 20 bliain taithí aici i dtaobh gnó agus ceannaireachta in Earnálacha na Cógaisíochta, na TFC, na Déantúsaíochta agus an Ard-Oideachais. Tar éis di cáilíocht mar Chuntasóir a bhaint amach, d'fhorbair Geraldine a cuid taithí ghnó agus cheannaireachta idirnáisiúnta trí mheán a cuid ról mar Rialtóir Airgeadais/Stiúrthóir Airgeadais agus Príomhfheidhmeannach le Upright Ireland, Mallinckrodt Pharmaceutical, Novartis Pharmaceutical, Grúpa Cógaisíochta Chanelle agus le Suirbhéireacht Ordanáis Éireann.

Tá aithne uirthi as ucht a stíle bainistíochta comhairliúcháin, agus is maith an cuntas teiste atá aici maidir le ceannaireacht, forbairt foirne, fis straitéiseach agus cur chun feidhme. Tá an méid sin á thacú lena cuid foghlama ar feadh an tsaoil ar cheannaireacht, oiliúint agus meantóireacht ó Harvard, IMD, IOD, IMI agus Scoil Ghnó Smurfit UCD. Tá Geraldine Ruane Uasal ina Príomhoifigeach Oibriúcháin i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath faoi láthair.

An Fhoireann Feidhmiúcháin



An tOllamh Mark WJ Ferguson, Ard-Stiúrthóir SFI agus Príomhchomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann

Féach ar an bpróifíl iomlán ar leathanach 37.



An tUasal Donal Keane, Príomh-Oifigeach Oibríochtaí

Ceapadh an tUasal Donal Keane ina Phríomhoifigeach Oibríochtaí ag SFI le feidhm ón 1 Samhain 2005, agus freagracht air as Deontais, TF, Airgeadas, Acmhainní Daonna agus Áiseanna. Tháinig Donal go dtí SFI ó Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire áit a raibh sé ina Rúnaí/Rialtóir Airgeadais ó 1997 go 2005.

Roimhe sin, bhí poist ardbhainistíochta ag an Uasal Keane in Ospidéal Mhuire Lourdes i nDroichead Átha, GE Capital agus Wang Finance i mBaile Átha Cliath agus i dToronto Cheanada. Thug sé faoina chuid oiliúna gairmiúla ag Coopers & Lybrand ó 1978 go 1982. Tá céim B.Comm ag Donal Keane ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus is Comhalta é d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.



An Dr Abigail Ruth Freeman, Stiúrthóir Straitéise agus Cumarsáide

Ceapadh an Dr Abigail Ruth Freeman ina Stiúrthóir Straitéise agus Cumarsáide in 2013. Sular ceapadh chuig an bpost sin í, bhí poist éagsúla ag an Dr Freeman le SFI. Le déanaí bhí sí ina Stiúrthóir Clár, Fiontair agus Gnóthaí Idirnáisiúnta, a bhí freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar gach clár cistiúcháin taighde de chuid SFI agus as bainistiú na ndámhachtainí cistithe, chomh maith le gníomhaíochtaí na Fondúireachta i gcomhar le lucht tionscail agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta. Roimhe seo, bhí ról ag an Dr Freeman mar Stiúrthóir Fiontar agus Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Ceann Tionscail agus Forbartha Taighde. Tháinig an Dr Freeman go dtí SFI mar Bhainisteoir na gClár Eolaíochta i mí na Samhna 2006.

Sular thosaigh an Dr Freeman le SFI, bhí sí ag obair mar thaighdeoir i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD). Tá céim PhD agus céim Bhaitsiléara sa Ghéineolaíocht aici ó TCD. Le linn di a bheith ina mac léinn ansin, bronnadh scoláireacht Choláiste na Tríonóide, Duais Ceimice Eli Lilly agus Duais Roberts don Bhitheolaíocht uirthi. Bhí taighde PhD an Dochtúra Freeman, ar ghéineolaíocht phobail i gcriosanna hibrídeacha, cistithe trí mheán scoláireacht mhór le rá ón Wellcome Trust agus is i gColáiste na Tríonóide agus ILRI, Nairobi a bhí sí i mbun staidéir. Bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí Chumann Foirne Taighde Choláiste na Tríonóide; an chéad chumann in Éirinn a dhéanann ionadaíocht ar thaighdeoirí ar conradh.



An Dr Darrin Morrissey, Stiúrthóir na gClár

Ceapadh an Dr Darrin Morrissey ina Stiúrthóir na gClár le SFI i mí Mheán Fómhair 2014. Tháinig Darrin go dtí SFI ó Stiefel, cuideachta faoi úinéireacht GlaxoSmithKline (GSK) a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn táirgí deirmeolaíochta. Ag Stiefel, bhí ról aige mar Stiúrthóir Feabhsúcháin Gnó agus bhí sé freagrach as a bheith i gceannas ar fheidhmiú straitéise, bainistíocht athruithe agus claoclú gnó.

Thosaigh Darrin i mbun oibre le GSK ar dtús in 2007 mar Cheann Oinceolaíochta d'Éirinn agus bhí sé i gceannas ar bhunú gnó oinceolaíochta GSK agus ar sheoladh phunann teiripice oinceolaíochta agus haemaiteolaíochta na cuideachta. Le linn a chuid ama le GSK, d'fhóin Darrin freisin mar Stiúrthóir Margaíochta um Oinceolaíocht Dhomhanda agus freagracht air as straitéis seolta a fhorbairt le haghaidh sócmhainní teiripe meileanáma.

Roimh a chuid ama le GSK, bhí Darrin ag obair le roinnt cuideachtaí cógaisíochta agus biteicneolaíochta – lena n-áirítear Sanofi-Aventis, Eli Lilly & Tibotec-Virco – i réimse ról a bhain le taighde tráchtála agus taighde cliniúil.

Bhain Darrin amach B.Sc. sa Mhicribhitheolaíocht agus tá PhD aige ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Bhí a chuid taighde PhD dírithe ar na meicníochtaí móilíneacha is bonn le meiteastáis ailse. D'oibrigh sé freisin mar thaighdeoir iardhochtúireachta i UCC, áit a raibh sé i mbun trialacha cliniúla, na chéad cinn sa duine, ar tháirgí bia ina bhfuil baictéir phróibhitheacha.

Tá Dioplóma sa Chleachtas Ardbhainistíochta ag Darrin freisin, ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Struchtúr Eagraíochtúil

**BORD
SFI**

An Coiste Iniúcháireachta

An Coiste Rialachais Chorporáidigh

An Coiste um Cheadú Deontas

**An Coiste Comhairleach um
Ainmniúcháin chuig an mBord agus
um Fhorbairt Bainistíochta**



Oifig an Ard-Stiúrhóra
An tOllamh Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir
Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Kim Lavelle Uasal
Rúnaí an Bhoird



An tUasal Donal Keane B.Comm, FCA
Príomhoifigeach Oibríochtaí

Joan Hynes Uasal
Bainisteoir Airgeadais agus Deontas

Una Clifford Uasal
Bainisteoir Acmhainní Daonna

An tUasal Eric Dowdall
Bainisteoir TF

Folamh
Bainisteoir na gCóras Faisnéise



An Dr Ruth Freeman
Stiúrthóir Straitéise
agus Cumarsáide

An Dr Peter Clifford
Bainisteoir na Rannóige um
Fheabhsú Feidhmíochta

Alva O'Cleirigh Uasal
Bainisteoir Cumarsáide

Margie McCarthy Uasal
Ceann na For-Rochtana Poiblí
agus na Rannpháirtíochta



An Dr Darrin Morrissey
Stiúrthóir na gClár

An Dr Lisa Higgins
Ceann, Céim Réamh-Dámhachtana

An Dr Michael Ryan
Bainisteoir Gnóthaí Eorpacha

An Dr Marion Boland
Ceann, Céim Iar-Dámhachtana

Freagrachtaí an Bhoird

Tá comhfhreagracht ar an mBord maidir le treo straitéiseach na Fondúireachta a bhunú laistigh den chreat reachtaíochta agus de na hacmhainní arna leithdháileadh. Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord as feidhmeanna lárnacha a shonraítear sa reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh. Tá an Bord freagrach as treoir agus tacaíocht a thabhairt don Ard-Stiúrthóir lena chinntiú go gcomhlíonfaidh an Fhondúireacht a cuid oibleagáidí ábhartha, chun córas na Fondúireachta um rialú inmheánach airgeadais agus bainistíocht riosca a áirithiú, chun a chinntiú go gcloítear go hiomlán le riachtanais rialachais chorpáiridigh maidir le gníomhaíochtaí na Fondúireachta agus maidir lena gcuid plé féin leis an bhFondúireacht. Déanann an Bord maoirsiú ar ullmhú na Tuarascála Bliantúla agus na gCuntas agus ceadaíonn sé iad. Ceadaíonn an Bord an buiséad bliantúil, an buiséad caipitil agus an buiséad ioncaim agus déanann sé monatóireacht ar an gcaiteachas. Maoirsíonn an Bord go bhfuil foireann bainistíochta cháilithe agus struchtúr bainistíochta stuama i bhfeidhm.

Freagrachtaí an Chathaoirligh

Is iad príomhdhualgais an Chathaoirligh an bord a eagrú agus an clár oibre a leagan amach i gcomhair chruinnithe Boird, agus aird ar nithe straitéiseacha agus ar ábhair chúraim na gcomhaltaí Boird, agus a bheith ina chathaoirleach ar gach cruinniú Boird. Cinntíonn an Cathaoirleach freisin go bhfaighidh an Bord faisnéis atá cruinn, tráthúil agus soiléir faoi fheidhmíocht na Fondúireachta go háirithe, ionas gur féidir leis an mBord cinntí fóna a ghlacadh agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh. Is é an Cathaoirleach atá freagrach as a chinntiú go gcuirtear oiliúint ionduchtúcháin ar chomhaltaí an Bhoird agus go mbíonn deiseanna forbartha agus oiliúna ar fáil dóibh d'fhonn éifeachtúlacht an Bhoird a chinntiú. Bíonn an Cathaoirleach i gceannas ar na caighdeáin is airde a bhunú i dtaobh rialachas corparáideach agus a chinntiú go gcomhlíontar an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Freagrachtaí an Ard-Stiúrthóra

Foráiltear d'fheidhmeanna, cumhachtaí agus dualgais an Ard-Stiúrthóra sa reachtaíocht bhunaitheach ón mbliain 2003. Leagtar amach sa reachtaíocht sin, i measc nithe eile, go bhfuil an tArd-Stiúrthóir freagrach as rannóga lárnacha na Fondúireachta a fhorbairt, lena n-áirítear bainistíocht straitéiseach ar bheartas, deontais, airgeadas, cumarsáid agus feidhmeanna idirnáisiúnta chun tacú le forbairt eagraíochta ardfheidhmíochta.

Ina theannta sin, tá an tArd-Stiúrthóir freagrach as pleananna agus beartais an Bhoird a chur chun feidhme agus pleananna straitéiseacha a fhorbairt i gcomhair na Fondúireachta. Tá an tArd-Stiúrthóir freagrach freisin as cur leis an dea-cháil idirnáisiúnta atá ar SFI agus, dá bharr sin, le dea-cháil an taighde eolaíoch in Éirinn. Buailteann an tArd-Stiúrthóir leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta ina cháil mar pháirtí leasmhar agus forbraíonn sé caidreamh cuí le comhghíomhaireachtaí agus le comhlachtaí eile a bhíonn i mbun an taighde a chistiú. Cuireann an tArd-Stiúrthóir pleananna straitéiseacha agus buiséid atá beartaithe faoi bhráid an Bhoird agus tuairiscíonn sé don Bhord ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le forbairt agus oibríochtaí SFI ar bhonn leagan síos spriocanna agus comhaontú na bpríomhtháscairí feidhmíochta. Tá an tArd-Stiúrthóir freagrach freisin as a chinntiú go bhfuil beartais chuí ag an bhFondúireacht maidir le soláthar foirne, rialachas corparáideach, soláthar, comhlíonadh, TF, cumarsáid agus bainistíocht riosca, agus déanann sé monatóireacht ar mar a chloítear leis na beartais. I dtaobh na forbartha, cinntíonn an tArd-Stiúrthóir go ndéantar beartais ar fhás agus éagsúlú seirbhíse a phleanáil agus a chur chun feidhme go héifeachtach.

Freagrachtaí Rúnaí an Bhoird

Tá Rúnaí an Bhoird freagrach don Fhondúireacht as an dea-rialachas agus as treoir a thabhairt don Bhord maidir lena chuid cúraimí a chomhlíonadh go héifeachtach. Coinníonn Rúnaí an Bhoird é féin nó í féin ar an eolas faoi cheanglais ábhartha na linne i dtaobh dlí, reachtaíochta agus rialála, agus ní mór don té sin a bheith in ann tacú le comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin i gcomhlíonadh a gcuid dualgas. Tá Rúnaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go gceapfar comhaltaí Bhoird mar is cuí agus cuidíonn sé nó sí le hionduchtúchán agus oiliúint chomhaltaí an Bhoird. Eagraíonn Rúnaí an Bhoird cruinnithe Boird agus cruinnithe an Choiste Boird, éascaíonn sé nó sí an sreabhadh faisnéise ardchaighdeáin chuig comhaltaí Boird lena chinntiú gur féidir leis an mBord a chuid dualgas a chomhlíonadh go héifeachtach agus lena chinntiú go ndéantar cinntí agus treoracha an Bhoird a chur in iúl i gceart agus go gcuirtear i bhfeidhm iad. Tá Rúnaí an Bhoird freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí sa Rialachas Corparáideach agus san Eitic, as a áirithiú go gcomhlíonfar an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus as a chinntiú go gcloítear le prionsabail an dea-rialachais.

Ionduchtúchán agus Forbairt Ghairmiúil

Reáchtáladh Seisiún Ionduchtúcháin do chomhaltaí nua an Bhoird ar an 14 Feabhra 2014. Ina theannta sin, d'fhreastail roinnt comhaltaí Boird ar sheisiúin oiliúna a chuir Institiúid na Stiúrthóirí ar fáil.

Cruinnithe an Bhoird

TDe ghnáth cuimsítear i mBord SFI 12 chomhalta, arna gceapadh ag an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, de réir mar atá leagtha amach in Alt 8 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003.

Is é an córam atá sonraithe do Bhord SFI ná cúigear comhaltaí.

Tionóladh na 6 chruinniú seo a leanas a bhí ar sceideal Bhord SFI in 2014:

Dáta	Láthair	Líon an Lucht Freastail
03 Feabhra 2014	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	12/12
07 Aibreán 2014	Foirgneamh Gheata an Iarthair, UCC	11/12
09 Meitheamh 2014	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	10/12
08 Meán Fómhair 2014	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	9/10
20 Deireadh Fómhair 2014	An Chlólann, Caisleán Bhaile Átha Cliath	8/10
16 Nollaig 2014	Seomra Boird, Teach Pháirc Wilton	11/12

Comhaltaí Boird 2014

Ainm an Stiúrthóra	Tinreámh ag Cruinnithe Boird (6 chruinniú)
Ann Riordan (Cathaoirleach)	6 as 6
Sean Aherne**	3 as 3
Tom Blundell*	0 as 1
Rita Colwell	6 as 6
Bernie Cullinan	5 as 6
Dermot Curran	5 as 6
Aidan Donnelly	6 as 6
Mary Doyle	5 as 6
Pat Duane	4 as 6
Mark Ferguson	6 as 6
Peter MacDonagh**	3 as 3
Liam Madden	5 as 6
Barry O'Sullivan*	1 as 1
Geraldine Ruane	6 as 6

* Ceaptha ar an mBord ar an 19 Samhain 2014

** Ar scor ar an 25 Iúil 2014

Coistí an Bhoird

Coiste Rialachais Chorporáidigh

Is é príomhról an Choiste seo athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúr rialachais chorporáidigh agus príomhcháipéisí rialachais SFI; chomh maith leis sin tá an Coiste freagrach as cuspóirí a shonrú chun éifeachtúlacht an Bhoird agus an Choiste a fheabhsú agus athbhreithniú a dhéanamh ar chóid eitice d'fheidhmeannaigh, d'fhostaithe agus do chomhaltaí Boird. Chomh maith leis sin, príomhchuspóir eile atá ag an gCoiste ná go ndéanfaí measúnú seachtarach ar fheidhm rialachais na heagraíochta trí SWIFT 3000.

Líon na gcruinnithe: Reáchtáladh 3 chruinniú

Cathaoirleach: Aidan Donnelly

Comhaltacht: Ann Riordan agus Mary Doyle

Coiste Rialachais Chorporáidigh	2014
Ann Riordan	3 as 3
Aidan Donnelly	3 as 3
Mary Doyle	2 as 3

Coiste Iniúchta & Riosca

Tá an Coiste Iniúchta freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras de rialuithe inmheánacha agus ráthaíochtaí airgeadais, mar aon le maoirseacht a dhéanamh ar reáchtáil iniúchtaí dheontais SFI bronnta ar institiúidí seachtaracha. Tá an Coiste freagrach as a chinntiú gur ann do chóras chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus gníomhaíochtaí maolaitheacha a chur i bhfeidhm agus a choinneáil cothrom le dáta. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste monatóireacht agus athbhreithniú ar thuarascálacha airgeadais SFI ar bhonn rialta, na Ráitis Airgeadais Bhliantúla san áireamh.

Líon na gcruinnithe: Reáchtáladh 6 chruinniú

Cathaoirleach: Bernie Cullinan

Comhaltacht: Geraldine Ruane, Pat Duane agus Brian Dalton

Coiste Iniúchta & Riosca	2014
Bernie Cullinan	6 as 6
Pat Duane	2 as 6
Brian Dalton**	2 as 2
Geraldine Ruane	4 as 4
Aidan Hodson*	4 as 4
Sean Aherne*	3 as 3

** Ionadaí ó mhí na Samhna 2014

* Ar scor i rith 2014

Coiste Comhairleach um Fhorbairt Bainistíochta/Ainmniúcháin Bhoird

Déanann an Coiste Comhairleach um Fhorbairt Bainistíochta/Ainmniúcháin Bhoird machnamh ar na scileanna a theastaíonn ar Bhord SFI mar aon leis na réimsí cuí saineolais, chomh maith le comhairle a chur ar an Aire Fiontar, Post agus Nuálaíochta nuair a bhíonn folúntais ar an mBord. Lena chois sin, déanann an Coiste athbhreithniú ar fheidhmíocht na foirne bainistíochta sinsearaí mar aon le pleananna a shonrú d'fhorbairt bainistíochta agus comharbais.

Líon na gcruinnithe: Reáchtáladh cruinniú amháin

Cathaoirleach: Ann Riordan

Comhaltacht: Dermot Curran

Coiste Comhairleach um Fhorbairt Bainistíochta/Ainmniúcháin	2014
Ann Riordan	1 as 1
Dermot Curran	1 as 1

Coiste Faofa Deontas

Tá cumhacht tarmilgthe do Choiste Faofa Deontas SFI chun tograí deontas taighde a fhaomhadh de réir na leibhéal údaráis tarmilgthe faofa ag an mBord.

Líon na gcruinnithe: Reáchtáladh cruinniú amháin ar fhreastail comhaltaí air agus 5 chruinniú fhíorúla

Cathaoirleach: Liam Madden

Comhaltacht: Rita Colwell, Mark Ferguson agus Martin Lyes

Coiste Faofa Deontas	2014
Liam Madden*	5 as 6
Mark Ferguson	6 as 6
Rita Colwell	5 as 6
Martin Lyes	6 as 6
Peter McDonagh**	4 as 4

* *De dheasca coinbhleacht leasa*

** *Ag feidhmiú mar Chathaoirleach go dtí go ndeachaigh sé ar scor ar an 25 Iúil 2014, (ceapadh Liam Madden mar Chathaoirleach ina áit)*

Fógraí Reachtúla agus Eile

1. Comhaltaí Boird - Clár na Leasa

Feidhmíonn an Bord de réir na bprionsabal dea-chleachtais um rialachas corparáideach agus na dtreoirlínte atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais, ina chuid gníomhaíochtaí agus san úsáid a bhaineann sé as coistí araon. I gcomhréir leis na treoirlínte sin, cláraíonn Comhaltaí Boird SFI a gcuid leasanna i ngnóthais eile leis an Rúnaí.

2. Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

Ón 1 Eanáir 2005, tá SFI faoi réir Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001. Tá forálacha an Achta comhlíonta ag SFI.

3. An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997, an tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú), 2003 agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014

Ainmníodh SFI mar chomhlacht forordaithe faoi Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997 ón 31 Bealtaine 2006. Tá an tAcht á chomhlíonadh go hiomlán ag SFI. Ba chóir iarratais le haghaidh faisnéise faoin Acht seo a dhíriú ar an Oifigeach um Shaoráil Faisnéise, SFI, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2.

4. An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

4.(i) An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá SFI laistigh de théarmaí tagartha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 a bhfuil éifeacht leis ón 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, a bhfuil éifeacht leo ón 7 Lúnasa 2002. Is é an polasaí atá ag SFI a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá gnáthaimh sainiúla i bhfeidhm a chuireann ar chumsa SFI na sonraisc uile a lorg agus a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí uile roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear íocaíochtaí leictreonacha mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú. Tá an fhoireann bainistíochta sásta go bhfuil fórála an Achta comhlíonta ag SFI i ngach ponc ábhartha.

4. (ii) Íoc pras Soláthraithe

Tá SFI tiomanta dá hoibleagáidí faoin Riail um Íoc Pras 15 lá a chomhlíonadh, riail a bhfuil éifeacht léi ón 1 Iúil 2011. Cinntíonn an fhoráil seo go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe i ndáil le gach sonrasc bailí faighte laistigh de 15 lá féilire. Tugann SFI eolas gach ráithe sa rannóg dar teideal "About SFI - Customer Service" den láithreán gréasáin faoi chur i bhfeidhm na Rialach um Íoc Pras 15 lá.

6. Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Tacaíonn SFI go hiomlán le prionsabal na gcomhdheiseanna fostaíochta. Tá sí i gcoinne gach cineál idirdhealaithe ar bhonn dath, cine, náisiúntacht, claonadh gnéasach, bunús eitneach nó náisiúnta (agus/nó áit dúchais), reiligiún, inscne, stádas pósta, aois nó míchumas. Tá tiomantas SFI i leith cur chun feidhme na gcomhdheiseanna léirithe ina beartais, ina cleachtais agus nósanna imeachta, earcaíocht, ardú céime, oiliúint, teanga neamh-idirdhealaitheach a úsáid i ndoiciméid agus foilseacháin de chuid na cuideachta. Is é an cuspóir ná a chinntiú go roghnaítear an fhoireann ar fad agus go gcaitear leo ar bhonn a gcumas, a n-eolas agus a gcáilíochtaí amháin.

7. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

De réir an Achta thuasluaite, cuireann SFI i gcomhairle le IDA, bearta cuí i bhfeidhm chun sábháilteacht, sláinte agus leas gach fostaí agus cuairteoir chuig a hoifigí a chosaint.

8. Cairt na gCliaint

Tá Cairt na gCliaint foilsithe ag SFI ina leagtar amach a tiomantas i ndáil le hardchaighdeán seirbhíse. Áirítear nós imeachta chun déileáil le gearáin sa Chairt seo. Ní bhfuarthas gearán ar bith faoin gCairt in 2012.

9. Tuairisciú á dhéanamh ag Comhlachtaí na hEarnála Poiblí

Faoi Ionstraim Reachtúil (IR) 542, 2009 tá dualgais shainiúla tuairiscithe fuinnimh ag an earnáil phoiblí. Tá oifigí SFI lonnaithe i dTeach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2. Tá saoráidí an fhoirgnimh á mbainistiú ag IDA. I ngach réimse a bhaineann le húsáid agus seirbhísí fuinnimh an fhoirgnimh, tá SFI sásta go bhfuil iarracht ar bun ag IDA na modhanna is tiosaí ar fhuinneamh agus is neamhdhíobhálaí don chomhshaol a úsáid. D'fhonn Ionstraim Reachtúil (IR) 542, 2009, a chomhlíonadh, thuairiscigh SFI sonraí maidir le húsáid fuinnimh do 2012 agus 2013 trí láithreán gréasáin monatóireachta & tuairiscithe (M&R) na hearnála poiblí.

Ráitis Airgeadais Bhliantúla



Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas & Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003. Áirítear sna ráitis airgeadais, atá ullmhaithe de réir na mbeartas cuntasáochta sonraithe iontu, lena n-áirítear na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, ráiteas sreabhaidh airgid agus na nótaí gaolmhara. Táthar tar éis na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a forordaítear faoi Alt 24 den Acht, agus i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a nglactar i gcoitinne leo in Éirinn.

Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Tá an Bord freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú orthu i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh tagraím do na breithnithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú Comhlachtaí Stáit.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta.

Scóip an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaos nó earráid é. Áiríonn sé seo measúnú ar:

- ▶ cibé an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, ar cuireadh na beartais chuntasaíochta i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach agus ar nochtadh na beartais sin go cuí
- ▶ réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- ▶ cur i láthair na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a ghnóthú maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh iniúchta.

Sa bhreis air sin, léim tuarascáil bhliantúil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráiteas nó neamhréireacht dealraitheach ábhartha faoi deara, déanaim mo mhachnamh ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

Tuairim i leith na ráiteas airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, atá ullmhaithe de réir an chleachtais chuntasaíochta a ghlactar i gcoitinne leis in Éirinn, léargas cruinn agus cothrom ar staid ghnóthaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag 31 Nollaig 2014 agus ar an ioncam agus caiteachas dá cuid don bhliain 2014.

Is é mo thuairim ná gur choinnigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Nithe a dtuairiscím de réir eisceachta orthu

Bíonn tuairisciú eisceachta i gceist sna cásanna seo a leanas:

- ▶ Níl an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim chun iniúchadh a dhéanamh faighte agam, nó
- ▶ tarraingíodh aird san iniúchadh a rinne mé ar aon chás ábhartha nuair nár úsáideadh airgead do na críocha beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta ag teacht le nósanna a n-údaráis rialúcháin, nó
- ▶ níl an fhaisnéis atá tugtha i dtuarascáil bhliantúil Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ag teacht leis na ráitis airgeadais ghaolmhara, nó
- ▶ ní fianaise an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann, nó
- ▶ Is léir dom gur ann d'ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an tslí a reáchtáladh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a dtuairiscím de réir eisceachta orthu.



Seamus McCarthy
Comptroller and Auditor General
23 June 2015

Ráiteas ar Fhreagrachtaí ag Comhaltaí Boird


I ndáil le Ráitis Airgeadais Bhliantúla 2014

De réir Alt 24 (2) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann), 2003 éilítear ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann gnáthchuntais chúí a choimeád den airgead go léir a fhaigheann sí agus a chaitheann sí, i bhfoirm a d'fhéadfadh a bheith faofa ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus, go háirithe, na cuntais speisialta go léir a choimeád san fhoirm réamhluaite de réir mar a d'fhéadfadh an tAire a threorú ó am go chéile. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aici, éilítear ar Fhondúireacht Eolaíochta Éireann an méid seo a leanas a dhéanamh:

- ▶ beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- ▶ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- ▶ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin murar cuí glacadh leis go leanfaidh Fondúireacht Eolaíochta Éireann i ngníomh;
- ▶ aon imeachtaí ábhartha ó na Caighdeáin Chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chúí a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith a staid airgeadais agus a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go bhfuil riachtanais fhoriomlána Alt 24 Acht um Fhorbairt Tionscail (Fondúireacht Eolaíochta Éireann) 2003, á gcomhlíonadh ag na ráitis airgeadais. Is i gceanncheathrú na Fondúireachta, Teach Pháirc Wilton, Plás Wilton, Baile Átha Cliath 2, atá na leabhair chuntais á gcoimeád. Chomh maith leis sin, tá an Bord freagrach as a sócmhainní a chosaint agus cibé ní atá riachtanach chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann an Bhoird:



Ann Riordan, Uasal
Cathaoirleach



An tOll. Mark Ferguson
Ard-Stiúrthóir

Date: 10th Meitheamh 2015

Date: 10th Meitheamh 201

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar ceann Bhord Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, aithním an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Féadfaidh an córas seo dearbhú réasúnach, seachas dearbhú absalóideach, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead go cuí, agus go bhfuil earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Tá an Bord tar éis tabhairt faoi roinnt beart chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- ▶ Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir;
- ▶ Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus cosaint a dhéanamh ar shócmhainní na heagraíochta;
- ▶ Cultúr cuntasachta a fhorbairt ar fud leibhéal uile na heagraíochta.

Tá próisis curtha ar bun ag an mBord freisin chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- ▶ Oibriú i ndlúthchomhar leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla d'fhonn a chinntiú gur ann do thuiscint shoiléir ar chuspóirí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann mar aon le tacaíocht do straitéisí na Gníomhaireachta chun na cuspóirí seo a chur i gcrích.
- ▶ Athbhreithnithe rialta a dhéanamh ar phleananna straitéiseacha, idir phleananna gearrthréimhseacha agus phleananna fadtréimhseacha, agus measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann leis na plananna seo a chur i gcrích;
- ▶ Spriocanna bliantúla a shonrú do gach réimse dár ngnó mar aon le tuairisciú rialta ar na torthaí atá bainte amach;

Tá an Córas um Rialú Inmheánach Airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis bainistíochta rialta, gnáthaimh riaracháin lena n-áirítear leithscaradh na ndualgas, agus córas de tharmhligéan agus freagracht. Áirítear na nithe seo a leanas ach go háirithe:

- ▶ Córas cuimsitheach buiséadaithe lena n-áirítear buiséad bliantúil, buiséad a mbíonn an Bord freagrach as a athbhreithniú agus a chomhaontú;
- ▶ Athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag an mBord ar thuairiscí airgeadais thréimhsiúla agus bhliantúla ina dtugtar léargas ar an bhfeidhmíocht airgeadais taobh le réamhaisnéisí;
- ▶ Spriocanna a shonrú chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- ▶ Disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.
- ▶ Treoirí rialaithe soiléire maidir le hinfheistíocht chaipitiúil.


